* Is ionann glanphá agus luach saothair inphinsin comhlán lúide fritháireamh de dhá oiread ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) (SPC). Is é an ráta SPC seachtainiúil in 2021 ná €248.30, mar sin is é an fritháireamh ná $€248.30 \times 52.18 \times 2 = €25,913$ in aghaidh na bliana.

** Ós rud é gur ranníocaíocht ar bhonn céatadáin é, ardóidh an costas bliantúil tosaigh thar thréimhse an chomhaontaithe ceannaigh de réir mar a mhéadaítear tuarastail. Beidh tionchar freisin ag aon athruithe ar ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach) ar an gcostas bliantúil.

Conradh ceannaigh seirbhíse barúlach a chur ar ceal – laghdú “pro rata”.

14.10 Ní féidir rogha ceannaigh thréimhsiúil a chúlghairm go hiomlán nuair a bhíonn tús curtha le híocaíochtaí. Féadfaidh ball ar mian leo scor de ranníocaíochtaí thréimhsiúla é sin a dhéanamh, áfach, trí fhógra a thabhairt, i scríbhinn, go bhfuil sé ar intinn aige nó aici an comhaontú ceannaigh a chur ar ceal. Cuirfear deireadh leis na hasbhaintí as tuarastal ón gcéad íocaíocht tuarastail eile a bheidh ar fáil. Ríomhtar an creidmheas seirbhíse fabhráithe suas go dtí an dáta sin leis an bhfoirmle “pro rata” seo a leanas:

$$\frac{A \times B}{C}$$

nuair:

- A = líon na mblianta de sheirbhís bharúlach a roghnaigh an ball ar dtús a cheannach;
- B = an tréimhse a ndearnadh ranníocaíochtaí thréimhsiúla lena linn; agus
- C = an tréimhse iomlán inar cheart ranníocaíochtaí thréimhsiúla a bheith déanta dá mbeadh an comhaontú ceannaigh críochnaithe ag an mball.

14.11 Chomh maith le cásanna cealaithe, úsáidtear an fhoirmle i roinn 14.10 freisin chun méid na seirbhíse ceannaithe a laghdú i gcásanna eile de ranníocaíochtaí caillte le linn comhaontú ceannaigh thréimhsiúil, amhail saoire speisialta gan phá, agus an fhostaíocht a fhágáil roimh thréimhse an chonartha ceannaigh. curtha i gcrích.



14.12 Úsáidtear an fhoirmle i roinn 14.10 freisin chun an creidmheas seirbhíse a choigeartú chun an **t-easnamh ranníocaíochtaí neamhíochta** a léiriú i gcás go n-éireoidh ball a cheannaíonn seirbhís trí ranníocaíocht thréimhsiúil **ar scor roimh aois 60 nó 65** (cibé acu sa ghnáthchúrsa, ar fhorais leighis nó ar théarmaí a bhaineann le Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de (CNER)).

14.13 Léiríonn an sampla thíos conas a chuirtear an fhoirmle “pro rata” i roinn 14.10 i bhfeidhm i gcealú conartha ceannaigh:

Sampla 14(c)(i)

Chuir ball den Scéim Pinsin tús le **ceannach 4 bliana** de sheirbhís bharúlach ó 30 Aibreán 2014 trí ranníocaíochtaí thréimhsiúla suas go dtí 65 bliana d’aois. Bhí an bunchonradh ceannaigh ar feadh 14 bliana agus cuireadh ar ceal é le héifeacht ón 1 Nollaig 2020. Laghdaítear ceannach 4 bliana trí thagairt a dhéanamh don fhoirmle “pro rata” i roinn 14.10 thuas, a ríomhann creidmheas seirbhíse laghdaithe an bhaill mar seo a leanas:

- A = 4.0000
 - B = 6.5890 (30 Aibreán 2014 go 30 Samhain 2020)
 - C = 14.0000 (30 Aibreán 2014 go 29 Aibreán 2028)
- $$\frac{4.0000 \times 6.5890}{14.0000} = 1.8826 \text{ bliain chun sochair}$$

Conradh ceannaigh seirbhíse barúlaí a chur ar ceal – laghdú achtúireach (táblaí Aguisín 2) chun tarraingt anuas luath an phinsin a léiriú

14.14 Rinne an ball i Sampla 14(c)(i) thuasluaite conradh chun seirbhís a cheannach bunaithe ar thosach feidhme an phinsin ag 65 bliana d’aois. Dá mba rud é go ndeachaigh an ball sin, tar éis dóibh an conradh a chealú, ar scor roimh 65 bliain d’aois, ansin, chomh maith leis an laghdú “pro rata” (roinn 14.10), dhéanfaí **laghdú achtúireach ar an gcreidmheas seirbhíse ceannaithe** ag baint úsádi as na táblaí in Aguisín 2. **Tá gá leis an laghdú breise seo mar gheall ar tharraingt anuas luath an phinsin.** Mar léiriú, dá n-éireadh an ball ar scor ag 61 bliain d’aois, laghdófaí an creidmheas seirbhíse ceannaithe 1.8826 bliain thuas mar seo a leanas:

Sampla 14(c)(ii)

- Creidmheas seirbhíse ceannaithe sa chomhaontú bunaidh: 4 bliana
- Creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis laghdú pro rata: 1.8826 bliain
- Aois scoir ar phinsean: 61
- **Laghdú achtúireach pinsin:**
 - fachtóir laghdaithe achtúireach @ 61 bliain d’aois (tábla in Aguisín 2): 79.0%
 - creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis an laghdaithe: 1.8826 bliain x 79.0% = **1.4872 bliain**
- **Laghdú achtúireach cnapshuime:**
 - fachtóir laghdaithe achtúireach @ 61 bliain d’aois (tábla in Aguisín 2): 92.5%
 - creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis an laghdaithe: 1.8826 bliain x 92.5% = **1.7414 bliain**

Tabhair faoi deara le do thoil na pointí seo a leanas maidir leis an sampla thuas:



- is é an tábla sonrath in Aguisín 2 óna bhfuarthas na fachtóirí laghdaithe achtúireacha ná an “Tábla chun comhaontú ceannaigh a chealú go dtí 65 bliana d’aois”, ós rud é go raibh an comhaontú ceannaigh ag tagairt d’aois 65;
- baineann fachtóirí laghdaithe éagsúla le pinsean agus cnapshuim, rud a thugann creidmheasanna seirbhíse éagsúla do phinsean agus cnapshuim. Is saintréith é seo do na táblaí laghdaithe achtúireacha in Aguisín 2.

Conradh ceannaigh seirbhíse barúlaí a chur ar ceal – achoimre

14.15 Is féidir achoimre a dhéanamh mar seo a leanas ar na bearta atá ar fáil don Scéim Pinsin agus a úsáideann an Scéim Pinsin chun líon na mblianta a cheannaigh múinteoir a ghearradh siar nuair a chealaíonn an múinteoir sin conradh ceannaigh tréimhsiúil:

- Cuirtear **laghdú “pro rata”** ar an gcreidmheas seirbhíse ceannaithe (ag baint úsáid as an bhfoirmle $[(A \times B) / C]$ ag roinn 14.10) **i bhfeidhm i ngach cás** de chealú ceannaigh tréimhsiúil. Is iarmhairt riachtanach é seo ar chinneadh an bhaill a c(h)uid íocaíochtaí tréimhsiúla a chur ar ceal (foirceannadh roimh an dáta deiridh conartha). Laghdaíonn an laghdú pro rata sin an creidmheas seirbhíse i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí neamhíoctha de bharr an chealaithe. Bíonn feidhm leis an laghdú seo freisin nuair a stophtar ranníocaíochtaí ar feadh tréimhse, m.sh. le linn sos gairme.
- **Ní chuirtear laghdú achtúireach** (táblaí Aguisín 2) ar an gcreidmheas seirbhíse ceannaithe **i bhfeidhm i ngach cás** de chealú ceannaigh tréimhsiúil. Ní chuirtear i bhfeidhm é ach amháin i bhfothacar cásanna ina dtéann an ball ar scor roimh an spriocaois cheannaigh (60 nó 65), cibé an dtarlaíonn an scor sin sa ghnáthchúrsa, faoin riail 55/35 nó ar fhorais leighis (do Cheannach agus CNER. féach 14.16 (iii) thíos). Is féidir cur i bhfeidhm an laghdaithe achtúirigh sna cásanna sin a mhíniú mar seo a leanas: bhí praghsáil bhunaidh (méid asbhainte coicíse) an chomhaontaithe ceannaigh bunaithe ar scor ag aois shonraithe (60 nó 65). Ach ciallaíonn scor luathaithe an bhaill ina dhiaidh sin go gcaithfidh an Scéim Pinsin an costas breise a bhaineann leis an bpinsean a íoc níos luaithe ná an aois shonraithe sin a sheasamh. Chun an costas breise seo a íoc go hachtúireach, déanann an Scéim laghdaithe fritháirimh ar na creidmheasanna seirbhíse pinsin agus cnapshuime ceannaithe.

Laghdú achtúireach mar thoradh ar tharraingt anuas luath pinsin – cásanna éagsúla

14.16 I gcás baill atá ag ceannach seirbhíse barúlaí trí ranníocaíocht thréimhsiúil:

- (i) a théann ar scor ar pinsean idir 60 agus 65 bliana d’aois i gcás baill ag a bhfuil aois chaomhnaithe 60 ag ceannach go 65 bliain d’aois;
- (ii) a théann ar scor ar fhorais leighis le pinsean láithreach;
- (iii) a théann ar scor faoin riail 55/35; nó



- (iv) a théann ar scor ar théarmaí Luathscoir atá Neodrach ó thaobh Costais de (CNER) i gcás baill ag a bhfuil aois chaomhnaithe 60 ag ceannach go 65 bliain d'aois;

ansin, maidir leis an méid seirbhíse a shonraítear sa chonradh ceannaigh

- laghdófar é tríd an **laghdú pro rata** (foirmle $[(A \times B) / C]$) i roinn 14.10; cúitíonn sé seo an Scéim as an easnamh ranníocaíochtaí neamhíochta; agus
- déanfar é a laghdú tuilleadh trí **laghdú achtúireach** ag baint úsáide as an tábla cuí (ceannach go 65 bliana d'aois nó ceannach go dtí 60 bliain d'aois) in Aguisín 2. Cúitíonn an laghdú breise seo an Scéim as íocaíocht luath sochar na seirbhíse ceannaithe. Níl feidhm aige i gcásanna ina bhfuil an ball ag ceannach go dtí an aois phinsin caomhnaithe, ach amháin nuair a théann siad ar scor ar fhorais leighis nó faoin riail 55/35.

Déantar míniú breise thíos ar gach ceann de na ceithre chatagóir cásanna seo (a), (ii), (iii) agus (iv):

(a) Téann ball ceannaigh ar scor ar phinsean idir 60 agus 65 bliana d'aois i gcás baill ag a bhfuil aois chaomhnaithe 60 bliain ag ceannach go dtí 65 bliain d'aois

Sampla 14(d)

Téann ball scéime a bhfuil aois phinsin chaomhnaithe de 60 aici ar scor ar a 63ú breithlá. Tá tuarastal €72,066 aici. Ag an am scoir, tá 19 mbliana seirbhíse iarbhir aici, agus tá 6 bliana de chomhaontú íocaíochta seirbhíse tréimhsiúil curtha i gcrích aici, a rinneadh ar a 57ú breithlá, inar thug sí conradh 2 bhliain de sheirbhís a cheannach le sprioc-aois ceannaigh 65 bliana d'aois.

Agus an méid seirbhíse ceannaithe a bheidh le háireamh chun na sochair phinsin a ríomh sa chás seo á chinneadh, cuirtear an **foirmle pro rata** i roinn 14.10 i bhfeidhm ar dtús, mar seo a leanas:

$$\frac{A \times B}{C}$$

$$= \frac{2 \text{ [blianta ar conradh chun ceannach]} \times 6 \text{ [blianta ina ndearnadh íocaíochtaí]}}{8 \text{ [blianta íocaíochta iomlána tar éis an íocaíocht iomlán a bheith críochnaithe]}}$$

$$= 1.5 \text{ bliain}$$

Ní mór an 1.5 bliana seirbhíse dá bharr a **laghdú go hachtúireach ansin faoin tábla cuí in Aguisín 2**. Tá sé seo riachtanach toisc go bhfuil an múinteoir ag tarraingt anuas na sochar pinsin níos luaithe ná mar atá sonraithe sa chomhaontú ceannaigh – tá sprioc-aois cheannaigh aici de 65 agus na sochair phinsin ag tosú ag aois 63. Ríomhtar an laghdú achtúireach seo mar seo a leanas:

- Aois scoir ar phinsean: 63
- **Laghdú achtúireach pinsin:**
 - factóir laghdaithe achtúireach @ 63 bliain d'aois (tábla in Aguisín 2): 88.5%
 - creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis an laghdaithe: 1.5 bliain x 88.5% = **1.3275 bliain**
- **Laghdú achtúireach cnapshuime:**



- factóir laghdaithe achtúireach @ 63 bliain d'aois (tábla in Aguisín 2): 96.1%
- creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis an laghdaithe: 1.5 bliain x 96.1% = **1.4415 bliain**

(ii) Téann ball ceannaigh ar scor ar fhorais leighis le pinsean láithreach

Sampla 14(e)

Téann ball den Scéim Pinsin a bhfuil aois phinsin chaomhnaithe de 65 bliain aige ar scor ar chúiseanna leighis ag 57 bliain d'aois. Tá tuarastal €76,033 aige. Ag an am scoir, tá 17 mbliana seirbhíse iarbhír aige, agus tá 2 bhliain de chomhaontú íocaíochta seirbhíse tréimhsiúil curtha i gcrích aige, a rinneadh ag 55 bliana d'aois, ina ndearna sé conradh seirbhís 3 bliana a cheannach le sprioc-aois cheannaigh 65 bliain d'aois.

Agus an méid seirbhíse ceannaithe a bheidh le háireamh chun na sochair phinsin a ríomh sa chás seo á chinneadh, cuirtear an **fhoirmle pro rata** i roinn 14.10 i bhfeidhm ar dtús, mar seo a leanas:

$$\frac{A \times B}{C}$$

$$= 3 \text{ [blianta ar conradh chun ceannach] } \times 2 \text{ [blianta ina ndearnadh íocaíochtaí]}$$

$$10 \text{ [blianta íocaíochta iomlána tar éis an íocaíocht iomlán a bheith críochnaithe]}$$

$$= 0.6 \text{ bliain}$$

Ní mór an 0.6 bliana seirbhíse dá bharr a **laghdú go hachtúireach ansin faoin tábla cúí in Aguisín 2**. Tá sé seo riachtanach toisc go bhfuil an múinteoir ag tarraingt anuas na sochar pinsin níos luaithe ná mar atá sonraithe sa chomhaontú ceannaigh – tá sprioc-aois cheannaigh de 65 aige agus na sochair phinsin ag tosú ag 57 bliain d'aois. Ríomhtar an laghdú achtúireach seo mar seo a leanas:

- Aois scoir ar phinsean: 57
- **Laghdú achtúireach pinsin:**
 - factóir laghdaithe achtúireach @ 57 bliain d'aois (tábla in Aguisín 2): 64.1%
 - creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis an laghdaithe: 0.6 bliain x 64.1% = **0.3846 bliain**
- **Laghdú achtúireach cnapshuime:**
 - factóir laghdaithe achtúireach @ 57 bliain d'aois (tábla in Aguisín 2): 85.6%
 - creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis an laghdaithe: 0.6 bliain x 85.6% = **0.5136 bliain**

(iii) Téann ball ceannaigh ar scor faoin riail 55/35

Sampla 14(f)



Téann ball den Scéim Pinsin a bhfuil aois phinsin caomhnaithe 60 bliain aige ar scor faoi riail 55/35 (féach roinn 15.4) ar thuarastal €76,033. Ag an am scoir, tá 35 bliana seirbhíse iarbhír aige, agus tá 3 bliana de chomhaontú íocaíochta seirbhíse tréimhsiúil curtha i gcrích aige, a rinneadh ag 52 bliain d'aois, inar thug sé conradh chun seirbhís 5 bliana a cheannach le sprioc-aois cheannaigh 60 bliana d'aois.

Agus an méid seirbhíse ceannaithe a bheidh le háireamh chun na sochair phinsin a ríomh sa chás seo á chinneadh, cuirtear an **fhoirmle pro rata** i roinn 14.10 i bhfeidhm ar dtús, mar seo a leanas:

$$\frac{A \times B}{C}$$

$$= 5 \text{ [blianta ar conradh chun ceannach]} \times 3 \text{ [blianta inar rinneadh íocaíochtaí]}$$

$$8 \text{ [blianta íocaíochta iomlána tar éis an íocaíocht iomlán a bheith críochnaithe]}$$

$$= 1.875 \text{ bliain}$$

Ní mór an 1.875 bliain seirbhíse dá bharr sin a **laghdú go hachtúireach faoin tábla cuí in Aguisín 2**. Tá sé seo riachtanach toisc go bhfuil an múinteoir ag tarraingt anuas na sochar pinsin níos luaithe ná mar a shonraítear sa chomhaontú ceannaigh – tá sprioc-aois cheannaigh de 60 aige agus na sochair phinsin ag tosú ag aois 55. Ríomhtar an laghdú achtúireach seo mar seo a leanas:

- Aois scoir ar phinsean: 55
- **Laghdú achtúireach pinsin:**
 - fachtóir laghdaithe achtúireach @ 55 bliain d'aois (tábla in Aguisín 2): 77.8%
 - creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis an laghdaithe: 1.875 bliain x 77.8% = **1.4588 bliain**
- **Laghdú achtúireach cnapshuime:**
 - fachtóir laghdaithe achtúireach @ 55 bliain d'aois (tábla in Aguisín 2): 90.7%
 - creidmheas seirbhíse ceannaithe tar éis an laghdaithe: 1.875 bliain x 90.7% = **1.7006 bliain**

(iv) Téann ball ceannaigh ag a bhfuil aois chaomhnaithe 60 agus atá ag ceannach faoi thagairt d'aois 65 ar scor ar théarmaí Luathscoir Neodrach ó thaobh Costais de (CNER)

Sa chineál cáis CNER seo, ríomhtar Pinsean Caomhnaithe ar dtús. Déanfar an ghné den tseirbhís a ceannaíodh, mar atá leis na trí shampla roimhe seo (14(d), 14(e) agus 14(f)) a laghdú mar seo a leanas:

- an foirmle pro rata i roinn 14.10;
- an tábla laghdaithe achtúireach cuí in Aguisín 2 (Tábla Aois 65 leis na laghdaithe go dtí Aois 60).



Nuair a fhaightear na méideanna laghdaithe seirbhíse ceannaithe (do phinsin agus cnapshuim scoir) ar an mbealach seo, cuirtear leis an tseirbhís iarbhír iad agus ríomhtar Pinsean Caomhnaithe. Is ansin amháin a dhéanfar na fachtóirí laghdaithe a bhaineann le CNER (féach caibidil 23) a chur i bhfeidhm ar na sochair chaomhnaithe chun méideanna an phinsin agus na cnapshuime scoir a ríomh.

Ceannach seirbhíse ag baill postroinnte / pháirtaimseartha

14.17 Tá ceannach seirbhíse ag baill Scéime Pinsean nach n-oibríonn go lánaimseartha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- (a) Féadfaidh baill postroinnte nó baill pháirtaimseartha a íoctar in aghaidh na huaire a bhfuil dhá bhliain ar a laghad de sheirbhís as a chéile i bpatrúin oibre den sórt sin déanta acu, faoi réir ghnáthrialacha na scéime ceannaigh, machnamh a dhéanamh ar sheirbhís a cheannach ar an toimhde go leanfaidh siad ag obair sa phatrún sin go dtí an aois scoir chuí. Cinneann rialacha na scéime ar an ngnáthbhealach an t-uasmhéid seirbhíse is féidir a cheannach.
- (b) I gcás ina bhfuil méadú ar phatrún oibre an bhaill pháirtaimseartha nó má thosaíonn an ball postroinnte arís ag obair go lánaimseartha, agus mar thoradh ar aon athrú den sórt sin, sáraíonn an tseirbhís a cheannaítear nó atá á ceannach an méid is gá chun seirbhís ináirithe fhéideartha bhaill, faoi aois 60 nó 65, mar is cuí, a thabhairt go dtí 40 bliain, ansin ní mór an ráta ranníocaíochta a choigeartú (nó ranníocaíochtaí ceannaigh a chealú ar fad más gá) agus ba cheart aon ranníocaíochtaí barrachais (lena n-áirítear gach ranníocaíocht más gá) a aisíoc tríd an gcóras párolla.

Tá eolas breise ar dheiseanna ceannaigh do bhaill Scéime nach n-oibríonn go lánaimseartha ar fáil i gCiorclán na Roinne Oideachais 0129/2006.

Aisíocaíochtaí seirbhíse barúláí

14.18 Tá íocaíochtaí a dhéantar as seirbhís ceannaithe – cibé acu trí ranníocaíochtaí tréimhsiúla nó cnapshuime – inaisíochta tríd an gcóras párolla agus sna cúinsí teoranta seo a leanas amháin:

- i gcás ina n-éireoidh ball as oifig, nach gcáilíonn siad le haghaidh sochar aoisliúntais, agus nach n-aistríonn siad a s(h)eirbhís go fostaíocht eile;
- i gcás ina bhfágfaidh ball atá ag ceannach seirbhíse roimh an gceanglas íosta naoi mbliana a bhaint amach chun seirbhís a cheannach. Sa chás sin ní mór na ranníocaíochtaí ceannaigh uile a aisíoc. Má fhágann ball atá ag ceannach seirbhíse an fostóir tar éis dó naoi mbliana seirbhíse a bhaint amach ach sula bhfaigheann sé/sí an t-íosmhéid seirbhíse a theastaíonn sa tábla le haghaidh teorainneacha seirbhíse a cheannach (féach roinn 14.2) ní mór aisíocaíocht chuí ranníocaíochtaí ceannaigh a dhéanamh le haghaidh aon seirbhíse de bhreis ar na teorainneacha;
- i gcás ina ndéanfaidh ball, tar éis dó rogha chun seirbhís a cheannach a fheidhmiú, seirbhís a aistriú isteach ina dhiaidh sin, agus mar thoradh air sin, go mbeadh a s(h)eirbhís iomlán de bhreis ar an uasmhéid ináirithe (40 bliain);
- nuair a thagann cás ranníocaíochtaí barrachais chun cinn.



- i gcás go roghnaíonn ball oibriú thar an sprioc-aois cheannaigh de 60 nó 65 agus mar thoradh air sin beidh níos mó ná 40 bliain seirbhíse aige ag am scoir.
- Sa chás go bhfuil aisíocaíocht dlite faoin Scéim Bhunaidh Marthanóirí agus Leanaí, déantar an ghné Marthanóirí agus Leanaí d'aon ranníocaíochtaí Scéim Ceannaigh a rinneadh a aisíoc freisin.



AOIS SCOIR AGUS RÍOMHANNA PINSIN

15. Aois scoir agus aois íosta pinsin

15.1 Tá achoimre sa tábla a leanas ar na haoiseanna ag a bhféadfaidh múinteoir atá ina b(h)all de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí scor ar phinsean:

Cohórt na mball	Aois Scoir
Múinteoirí ceaptha roimh 1 Aibreán 2004 – “Iontrálaithe neamh-nua”	<p>Gnáthaois (aois íosta) scoir: 60 Aois íosta scoir seirbhís-bhunaithe (m.sh. 35 bliana): 55 bliain</p> <p>Aois íosta CNER*: 50</p> <p>Aois scoir éigeantach: Deireadh na scoilbhliana ina bhfuil 70 bliain d’aois bainte amach do dhaoine a bhaineann 65 bliain d’aois amach ar 26 Nollaig 2018 nó dá éis. Deireadh na scoilbhliana ina bhfuil 65 bliana d’aois bainte amach ag daoine a bhain 65 bliana d’aois amach roimh 26 Nollaig 2018. (féach 15.1.1 thíos)</p>
Múinteoirí a ceapadh ar 1 Aibreán 2004 nó dá éis – “Iontrálaithe nua”	<p>Gnáthaois (aois íosta) scoir: 65 CNER* aois íosta: 55</p> <p>Aois scoir éigeantach: Dada</p>

* CNER = Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de – féach caibidil 23.

15.1.1 Soláthraíonn an scéim aois scoir éigeantach dhifriúil d’fhothacar múinteoirí iar-bhunscoile atá i bhfostaíocht leanúnach ó dháta roimh 1 Meán Fómhair 2001 agus a rugadh i mí Lúnasa. Sa chás seo, bheidís siúd a bhain 65 bliana d’aois amach roimh an 25 Nollaig 2018, le dul ar scor ar bhonn éigeantach ar an lá deiridh den scoilbhliain ina slánóidh an ball 66 bliana d’aois. Leis an Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir), 2018, tá foráil d’fhorálacha comhchosúla a bheith i bhfeidhm maidir leis an ngrúpa múinteoirí seo ar shlánú 70 bliain d’aois tar éis an 25 Nollaig 2018.

15.2 I gcoitinne ní bhaineann múinteoirí a earcaíodh ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin le Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí 2022. Ina áit sin, is baill iad de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí, mar atá daoine a théann i mbun ceapacháin mhúinteoireachta an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin tar éis sos níos faide ná 26 seachtain ó bhí siad fostaithe roimhe sin sa tseirbhís phoiblí. Ar mhaithe le soiléireacht, aithneofar fostaíocht mar sheirbhíseach poiblí neamh-inphinsin agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil an sos níos faide ná 26 seachtaine agus d’fhéadfadh díolúine ó bhallaíocht den Scéim Aonair a bheith i bhfeidhm, ach ní thabharfar an t-aitheantas sin ach amháin i gcás ina raibh duine ina b(h)all de scéim pinsin seirbhíse poiblí a bhí ann cheana maidir le fostaíocht níos



luaithe, agus is chuig post inphinsin an ceapachán nua. Tá tuilleadh sonraí ar Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie.

Múinteoirí a ceapadh roimh 1 Aibreán 2004 – “Iontrálaithe neamh-nua”

15.3 Tá gnáthaois íosta pinsin 60 bliain d’aois ag múinteoirí i Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí a ceapadh roimh 1 Aibreán 2004. Seo í an “aois phinsin chaomhnaithe” acu.

Scor ag aois 55 le 35 bliain de sheirbhís cháilitheach

15.4 Rogha breise do mhúinteoirí a ceapadh roimh 1 Aibreán 2004 (“iontrálaithe neamhnua”) agus atá ag fónamh an 1 Meán Fómhair 1996 nó dá éis is ea **scor ar phinsean (gan laghdú achtúireach) ó 55 bliana d’aois ar an gcoinníoll go bhfuil íosmhéid de 35 bliain de sheirbhís cháilitheach acu**. Agus an tairseach 35 bliain seo le haghaidh scoir ó 55 bliain d’aois á comhlíonadh, is féidir creidmheas a éileamh le haghaidh oiliúna réamhsheirbhíse mar seo a leanas:

Tréimhse oiliúna réamhsheirbhíse le haghaidh cáilíochta	Creidmheas
4 bliana nó níos mó	2 bhliain
Ar a laghad 3 bliana ach níos lú ná 4 bliana	1 bhliain

Mar shampla, d’fhéadfadh Múinteoir Iar-Bhunscoile, a bhfuil 55 bliain d’aois slánaithe acu agus a bhfuil 33 bliana seirbhíse acu agus a bhfuil 2 bhliain de chreidmheas cáilithe acu do Bhunchéim agus Ard-Diplóma san Oideachas cáiliú le dul ar pinsean ag aois 55. Déanfar ríomh an phinsin a bhunú, áfach, ar sheirbhís inphinsin an mhúinteora i.e. ní chuirtear an creidmheas cáilitheach dhá bhliain san áireamh sa ríomh pinsin. Ní féidir ceannach seirbhíse barúlaí a áireamh chun an tairseach 35 bliain scoir ag 55 bliain d’aois a chomhlíonadh ach áireofar é sa ríomh pinsin.

Múinteoirí a ceapadh ar 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh – “Iontrálaithe nua”

15.5 Maidir le múinteoirí i Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí a ceapadh an 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh:

- nach raibh fostaithe san earnáil poiblí roimh an dáta sin; nó
- nach raibh fostaithe san earnáil poiblí sna 26 seachtainí roimh an gceapachán;

is “iontrálaithe nua” iad chun críocha pinsean seirbhíse poiblí a sholáthar. Ciallaíonn sé seo gurb é 65 a ngnáthaois íosta pinsin (aois phinsin chaomhnaithe), agus níl aon aois scoir éigeantach acu. Tá an sainmhíniú ar iontrálaithe nua mar atá luaite díreach thuas faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas, áfach, i.e. **ní fhéachtar** ar na cohóirt seirbhíse poiblí atá liostaithe ag (a) go (e) thíos, ar féidir roinnt múinteoirí a áireamh, mar iontrálaithe nua :

- (a) ní mheasfar baill foirne ar shaoire íoctha nó neamhíoctha nó ar iasacht ó chomhlachtaí seirbhíse poiblí an 31 Márta 2004 mar iontrálaithe nua ar fhilleadh dóibh;



- (b) baill foirne a fuair tairiscint fostaíochta i scríbhinn roimh 1 Aibreán 2004 ach nár chuaigh i mbun dualgais faoin dáta sin, ní mheasfar iad mar iontrálaithe nua ar glacadh leis an gceapachán sin;
- (c) ní mheasfar baill foirne a bhí fostaithe ar bhonn sealadach nó séasúrach roimh 1 Aibreán 2004 mar iontrálaithe nua má théann siad ar ais ar dualgas sa tseirbhís phoiblí faoin gconradh fostaíochta céanna;
- (d) aon seirbhíseach poiblí a bhí ag fónamh ar 31 Márta 2004 agus a fhágann fostaíocht ach a fhilleann ina dhiaidh sin, laistigh de thréimhse 26 seachtaine, ar fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí, ní mheasfar é/í mar iontrálaí nua;
- (e) seirbhíseach poiblí ar bith:
 - (i) a bhí ag fónamh ar 31 Márta 2004 nó laistigh de 26 seachtaine roimh an dáta sin;
nó
 - (ii) seirbhíseach poiblí ar bith lena mbaineann (i) a fhágann fostaíocht ach a fhilleann ina dhiaidh sin laistigh de thréimhse 26 seachtaine, ar fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí; ní mheasfar iad mar iontrálaithe nua ar fhilleadh dóibh.

15.6 Is féidir an dá phríomhchatagóir ballraíochta (mar atá sainmhínithe thuas) i Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí a idirdhealú go héasca óna chéile mar seo a leanas:

- **ní iontrálaithe nua iad** baill na Scéime a earcaíodh chuig an earnáil phoiblí roimh 1 Aibreán 2004;
- **is iontrálaithe nua iad** baill na Scéime a earcaíodh chuig an earnáil phoiblí ó 1 Aibreán 2004 ar aghaidh.

15.7 Tá sé tábhachtach gan an chatagóir ballraíochta iontrálaí nua seo i Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí a mheascadh le ballraíocht i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Baineann an dara scéim le múinteoirí (agus le fostaithe eile sa tseirbhís phoiblí) a thosaigh ag obair sa tseirbhís phoiblí an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.



16. Luach saothair inphinsin

Comhpháirteanna den luach saothair inphinsin

16.1 Mar a mhínítear i gcaibidlí 17 agus 18, tá luach saothair inphinsin ina pharaiméadar bunúsach i ríomh na sochar pearsanta (cnapshuim scoir agus pinsean) i Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí. Tá luach saothair inphinsin comhdhéanta de na comhpháirteanna seo a leanas

- tuarastal bliantúil;
- liúntais inphinsin, faoi réir meánaithe nuair is cúf (roinn 16.2); agus
- aon íocaíochtaí maoirseachta agus ionadaíochta inphinsin;

mar a shealbhaíonn an múinteoir atá ag dul ar scor ar a lá deiridh seirbhíse. (Cuireadh deireadh leis an liúntas maoirseachta agus ionadaíochta in 2013, agus tá íocaíocht as dualgais den sórt sin san áireamh anois sa bhunscála coiteann tuarastail do mhúinteoirí – féach [Ciorclán 0006/2014 ón Roinn Oideachais.](#))

Foirmle meánaithe liúntais

16.2 Agus measúnú á dhéanamh ar chomhpháirt na liúntas inphinsin den luach saothair inphinsin, déanfar aon liúntas aonair **nach raibh á choinneáil ar feadh na tréimhse ináirithe iomlán trí bliana roimh scor** a mheánú. Déantar an meánú liúntais seo de réir na foirmle seo a leanas.

$$\frac{A \times B}{C}$$

nuair

- Is é A luach an liúntais atá i seilbh
- Is é B an líon laethanta ar a bhfuil an liúntas á choinneáil
- Tá C cothrom le 1095 (i.e. 365 x 3)

Déantar liúntas inphinsin nach bhfuil caomhnaithe don tréimhse iomlán trí bliana roimh scor a mheánú, agus sa chás go bhfuil an liúntas sin in ionad liúntais inphinsin roimhe sin, ansin déantar an liúntas roimhe sin a mheánú agus a áireamh sna ríomhanna.

Sampla 16(a) – meánú liúntais

16.3 Faigheann múinteoir a théann ar scor ar 31 Lúnasa 2021 **buntuarastal** de €65,558, mar aon le Liúntas **Ard-Diplóma** (1ú nó 2ú Onóracha) (€1,301) agus liúntas **Bunchéime** (1ú nó 2ú Onóracha) (€5,177), an dá liúntas á sealbhú ó dháta an cheapacháin. Ar 1 Samhain 2019, faigheann an múinteoir **Liúntas um Dhualgais Speisialta** “Príomhoide Cúnta 2” ar luach bliantúil €3,967. Ós rud é nár coinníodh an liúntas um Dhualgais Speisialta ar feadh na 3 bliana iomlána roimh scor, sannann meánú faoi thagairt don fhoirmle i roinn 16.2 luach don liúntas sin mar a leanas:

$$A = €3,967$$

$$B = 670 \text{ lá}$$

$$C = 1,095 \text{ lá}$$



$$\frac{\text{€}3,967 \times 670}{1,095} = \text{€}2,427 \text{ (meánluach an liúntais um Dhualgais Speisialta)}$$

Socraítear mar sin gurb é an luach saothair inphinsin mar a leanas:

Tuarastal:	€65,588
Liúntas Ard-Diop. (1ú nó 2ú Onóracha):	€1,301
Liúntas Bunchéime (1ú nó 2ú Onóracha):	€5,177
Liúntas um Dhualgais Speisialta:	€2,427
Luach Saothair Inphinsin:	€74,493



17. Ríomh cnapshuime scoir

17.1 Ríomhtar cnapshuim scoir i Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí mar 3/80ú den luach saothair inphinsin do gach bliain de sheirbhís ináirithe, faoi réir uasmhéid de 1½ oiread luach saothair inphinsin.

Sampla 17(a) – ríomh cnapshuime

Téann ball Scéime ar scor agus 40 bliain de sheirbhís ináirithe aici. Is é €76,033 a luach saothair inphinsin, comhdhéanta de na gnéithe seo a leanas:

Tuarastal: € 65,588

Liúntais inphinsin:

- Ard-Diop. san Oideachas (1ú nó 2ú Onóracha): €1,301
- Bunchéim (1ú nó 2ú Onóracha): €5,177
- Liúntas um Dhualgais Speisialta: €3,967

Luach Saothair Inphinsin: €76,033

Níl aon mheánú ar liúntais sa chás seo, mar sin faigheann an múinteoir cnapshuim scoir de €114,050, arna ríomh mar seo a leanas:

- €76,033 x 40.0000 bliain x 3/80 = €114,050



18. Ríomh pinsin

Cuid A: Baill mhodhnaithe (ÁSPC Aicme D)

18.1 Do bhaill atá in ÁSPC Aicme D (ráta modhnaithe), soláthraíonn Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí pinsean ag am scoir a ríomhtar gan aird ar an bPinsean Stáit (Ranníocach) (SPC). I gcás na mball modhnaithe seo ríomhtar pinsean mar $1/80$ ú den luach saothair inphinsin do gach bliain de sheirbhís ináirithe, faoi réir uasmhéid de $40/80$ ú de luach saothair inphinsin.

Sampla 18(a)

18.2 Téann múinteoir ÁSPC Aicme D (ráta modhnaithe) atá ina mball den Scéim ar scor le 40 bliain de sheirbhís ináirithe. Is é luach saothair inphinsin an bhaill ná €76,033, comhdhéanta de na gnéithe seo a leanas:

Tuarastal:	€65,588
Liúntais inphinsin:	
• Ard-Diop. san Oideachas (1ú nó 2ú Onóracha):	€1,301
• Bunchéim (1ú nó 2ú Onóracha):	€5,177
• Príomhoide Cúnta 2/Dualgais Speisialta:	€3,967

Dámhtar pinsean de €38,017 don bhall seo, arna ríomh mar seo a leanas:
 $€76,033 \times 40.0000 \text{ bliain} \times 1/80^{\text{ú}} = € \mathbf{38,017}$ in aghaidh na bliana

Cuid B: Baill chomhtháite (ÁSPC Aicme A).

18.3 Do bhaill atá in ÁSPC Aicme A (ráta iomlán), is scéim chomhtháite í Scéim Phinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí. Ciallaíonn sé seo go ríomhtar an pinsean ceirde (Scéim) tráth scoir le fritháireamh i leith an Phinsin Stáit (Ranníocach) (SPC). Chomh maith leis an bpinsean Scéime, féadfaidh baill dá leithéid cáiliú don Phinsin Stáit ranníocach.

Modh comhtháthaithe chun pinsin a ríomh

18.4 Baineann an modh comhtháthaithe chun pinsin a ríomh le gach múinteoir ÁSPC iomlán Aicme A a cháilíonn do shochair ar 1 Eanáir 2004 nó ina dhiaidh. I gcás ball comhtháite, ríomhtar an pinsean mar seo a leanas:

- $1/200$ ú den luach saothair inphinsin suas go dtí $3 \frac{1}{3}$ oiread SPC* x seirbhís MÓIDE
- $1/80$ ú d'iarmhéid pá ar bith os cionn $3 \frac{1}{3}$ oiread SPC* x seirbhíse

Tá seirbhís iomlán inphinsin do shochair phinsin faoi réir uasmhéid de 40 bliain.

*Nóta: Is é an ráta SPC ná ráta uasta an Phinsin Stáit (Ranníocach) atá iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí le duine singil gan chleithiúnaí ar an lá deiridh d'fhostaíocht an bhaill.



18.5 Úsáidtear iolraitheoir 3.333333 (i.e. sé ionad dheachúlacha) chun 3 1/3 oiread SPC a ríomh, is é sin an **leibhéal pá tairsí** chun aistriú ón ráta fabhraithe pinsin níos ísle (1/200) go dtí an ráta fabhraithe pinsin níos airde (1/80).

18.6 Bunaithe ar ráta seachtainiúil SPC 2021 de €248.30, is é an luach tairsí i dtéarmaí bliantúla ná:

$$(\text{€}248.30 \times 52.18 \times 3.333333) = \text{€}43,187.64.$$

Samplaí de ríomh pinsin

18.7 Léiríonn na trí shampla thíos an modh comhtháthaithe reatha chun pinsin a ríomh (i gach cás scoireann an ball ar 1 Eanáir 2004 nó ina dhiaidh).

Sampla 18(b)

Téann múinteoir lánaimseartha ar scor ar 31 Lúnasa 2021 agus an tuilleamh agus an seirbhís seo a leanas acu:

Fíor luach saothair ag am scoir	=	€76,033
Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021)	=	€12,956
3 1/3 x ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach).	=	€43,188
Seirbhís (iarbhír ináirithe)	=	25 bliain

Pinsean =

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, móide

1/80 x iarmhaid pá os cionn €43,188 x seirbhís

...a oibríonn amach mar

$\frac{\text{€}43,188 \times 25.0000}{200}$	=	€5,399
---	---	--------

MÓIDE

$\frac{\text{€}32,845 \times 25.0000}{80}$	=	€10,264
--	---	---------

Pinsean Iomlán Scéim na Múinteoirí Meánscoile: €15,663 in aghaidh na bliana D'fhéadfadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) a bheith iníoctha leis an bpinsinéir seo freisin.

Sampla 18(c)

Fostaíodh múinteoir go lánaimseartha ar feadh 10.00 bliain agus ansin i gcáil 50% postroinnte ar feadh 14.00 bliain. Ar scor ar an 31 Lúnasa 2021 is é 17.0000 bliain a seirbhís iarbhír ináirithe iomlán. Tá na 17 mbliana seirbhíse seo comhdhéanta de 10 mbliana óna tinreamh lánaimseartha agus 7 mbliana (14 x 50% = 7) óna tréimhse comhroinnte oibre ina dhiaidh sin.

Fíorluach saothair ag am scoir	=	€36,033
Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021)	=	€12,956



3 1/3 x Pinsean Stáit (Ranníocach)	=	€43,188
Luach saothair inphinsin (lánaimseartha barúlach)	=	€72,066
Seirbhís (iarbhír ináirithe)	=	17 mbliana

Pinsean =

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, móide

1/80 x iarmhéid pá os cionn €43,188 x seirbhís

...a oibríonn amach mar

$\frac{€43,188 \times 17.0000}{200}$	=	€3,671
--------------------------------------	---	--------

MÓIDE

$\frac{€28,878 \times 17.0000}{80}$	=	€6,137
-------------------------------------	---	--------

Pinsean Iomlán Scéim na Múinteoirí Meánscoile: €9,808 in aghaidh na bliana D'fhéadfadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) a bheith iníoctha leis an bpinsinéir seo freisin.

Sampla 18(d)

Fostaíodh múinteoir i gcáil postroinnte ar feadh 24 bliana. Ar scor ar an 31 Lúnasa 2021 is í a seirbhís iarbhír ináirithe iomlán ná 12.0000 bliain (24 x 50% = 12).

Fíorluach saothair ag am scoir	=	€36,033
Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021)	=	€12,956
3 1/3 x Pinsean Stáit (Ranníocach)	=	€43,188
Luach saothair inphinsin (lánaimseartha barúlach)	=	€72,066
Seirbhís (iarbhír ináirithe)	=	12 bliain

Pinsean =

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, móide

1/80 x iarmhéid pá os cionn €43,188 x seirbhís

...a oibríonn amach mar

$\frac{€43,188 \times 12.0000}{200}$	=	€2,591
--------------------------------------	---	--------

MÓIDE

$\frac{€28,878 \times 12.0000}{80}$	=	€4,332
-------------------------------------	---	--------

Pinsean Iomlán Scéim na Múinteoirí Meánscoile: €6,923 in aghaidh na bliana



D'fhéadfadh an Pinsean Stáit (Ranníocach) a bheith iníoctha leis an bpinsinéir seo freisin.

Meastóir / Múnlaítheoir Pinsean Fhoireann na Scoile

18.8 Ceadaíonn an Meastóir Pinsin d'fhoireann na scoile meastachán a fháil ar a sochair scoir ionchasacha bunaithe ar na sonraí a cuireadh isteach. Déanann an meastóir:

- meastacháin ar shochair phinsin ag aois scoir;
- meastacháin ar shochair chaomhnaithe (iníoctha ag aois scoir) má éiríonn tú as do phost sula sroicheann tú aois scoir;
- meastacháin ar shochair ó Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de atá iníoctha roimh aois scoir;
- cinneadh más rud é nach bhfuil a dhóthain seirbhíse agat chun dul ar scor ar dháta beartaithe.

Is féidir teacht ar an Meastóir Pinsean ar líne ag: <https://penmod.education.ie/>.



19. Scor ó fhostaíocht pháirtaimseartha

19.1 Nuair a théann múinteoir ar scor ó fhostaíocht pháirtaimseartha inphinsin, ríomhtar sochair phinsin faoi Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí ar bhonn comhtháthú pro-rata. Ciallaíonn sé seo go bhfuil dámhachtain pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar:

- **luach saothair inphinsin coibhéiseach lánaimseartha** (tuarastal móide liúntais inphinsin) tráth scoir; agus
- **seirbhís inphinsin iarbhír**, trína dtugtar seirbhís pro rata don mhúinteoir atá ar scor in aghaidh gach bliain de sheirbhís pháirtaimseartha.

Sampla 19(a)

Fostaíodh múinteoir go páirtaimseartha ar feadh 12 bhliain agus le linn an ama sin bhí éagsúlacht sna sainphátrún oibre mar a léirítear sa tábla thíos. Téann an múinteoir ar scor ar 31 Lúnasa 2021 le luach saothair inphinsin (lánaimseartha barúlach) de €55,675. Ríomhtar seirbhís iarbhír iomlán ináirithe mar 8.05 bliain, arna oibriú amach mar seo a leanas.

Dátaí fostaíochta (ar bhonn scoilbhlianta)	Patrún oibre (% lánaimseartha)	Seirbhís pro-rata
1 Meán Fómhair 2009 – 31 Lúnasa 2010	60% (íochta in aghaidh na huaire)	0.6000 bliain
1 Meán Fómhair 2010 – 31 Lúnasa 2011	60% (íochta in aghaidh na huaire)	0.6000 bliain
1 Meán Fómhair 2011 – 31 Lúnasa 2012	60% (íochta in aghaidh na huaire)	0.6000 bliain
1 Meán Fómhair 2012 – 31 Lúnasa 2013	75% (íochta in aghaidh na huaire)	0.7500 bliain
1 Meán Fómhair 2013 – 31 Lúnasa 2014	80% (íochta in aghaidh na huaire)	0.8000 bliain
1 Meán Fómhair 2014 – 31 Lúnasa 2015	80% (íochta in aghaidh na huaire)	0.8000 bliain
1 Meán Fómhair 2015 – 31 Lúnasa 2016	80% (íochta in aghaidh na huaire)	0.8000 bliain
1 Meán Fómhair 2016 – 31 Lúnasa 2017	80% (íochta in aghaidh na huaire)	0.8000 bliain
1 Meán Fómhair 2017 – 31 Lúnasa 2018	80% (íochta in aghaidh na huaire)	0.8000 bliain



1 Meán Fómhair 2018 – 31 Lúnasa 2019	50% (postroinnt)	0.5000 bliain
1 Meán Fómhair 2019 – 31 Lúnasa 2020	50% (postroinnt)	0.5000 bliain
1 Meán Fómhair 2020 – 31 Lúnasa 2021	50% (postroinnt)	0.5000 bliain
Seirbhís Iomlán		8.0500 bliain

Ríomh Pinsin :

Luach saothair inphinsin (lánaimseartha) suas go dtí [Pinsean Stáit x 3.333333]	Seirbhís Ináirithe	Pinsean (1/200^ú de luach saothair inphinsin suas go €43,188 do gach bliain seirbhíse)
€43,188	8.0500 bliain	€1,738 in aghaidh na bliana

MÓIDE

Luach saothair inphinsin (lánaimseartha) atá os cionn [Pinsean Stáit x 3.333333]	Seirbhís Ináirithe	Pinsean (1/80^ú de luach saothair inphinsin os cionn €43,188 do gach bliain seirbhíse)
€12,487	8.0500 bliain	€1,257 in aghaidh na bliana

Pinsean iomlán: € 2,995 in aghaidh na bliana (i dteannta aon teidlíocht don Pinsean Stáit (Ranníocach))

Ríomh Cnapshuime Scoir:

Luach saothair inphinsin (lánaimseartha)	Seirbhís Ináirithe	Cnapshuim (3/80^ú de luach saothair inphinsin do gach bliain seirbhíse)
€55,675	8.0500 bliain	€16,807



20. Pinsean forlíontach

Boinn tuisceana agus nithe gaolmhara

20.1 Agus pinsean á ríomh do bhall de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí a íocann ÁSPC ar ráta iomlán Aicme A, cuirtear an Pinsean Stáit (Ranníocach) (SPC) san áireamh sa ríomh. Sa chás go dtarlaíonn sé seo, glactar leis go bhfuil an ball:

- i dteideal sochar árachais shóisialaigh phearsanta, agus
- i dteideal uasráta pearsanta na sochar sin.

20.2 Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach gcáileoidh an ball do shochair árachais shóisialaigh, nó má cháilíonn sé/sí, d'fhéadfadh sé/sí a bheith i dteideal sochair laghdaithe amháin. D'fhéadfadh sé seo eascairt as ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh neamhleor. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an ball iarratas a dhéanamh ar **pinsean forlíontach**, chun an difríocht idir a chúinsí pearsanta agus na boinn tuisceana ginearálta ar a bhfuil ríomh an phinsin bunaithe (féach roinn 20.1 thuas) a chur san áireamh.

Coinníollacha agus ríomh

20.3 Chun a bheith san áireamh do phinsean forlíontach, ní mór don bhall:

- (a) ar chúiseanna nach bhfuil faoina smacht, gan cáiliú do shochar árachais shóisialaigh phearsanta, nó gan cáiliú ach do shochar árachais shóisialaigh phearsanta ag ráta atá níos lú ná ráta iomlán an Phinsin Stáit Ranníocach (SPC);
- (b) a bheith dífhostaithe; agus
- (c) aois an phinsin chaomhnaithe a bheith sroichte acu (ní bhaineann an choinníoll seo le duine a fhaigheann pinsean ar fhorais leighis nó tar éis scoir tar éis dóibh 55 bliana d'aois a bhaint amach agus 35 bliana ar a laghad de sheirbhís cháilitheach acu); féadfar daoine a fhaigheann pinsean Luathscóir Neodrach ó thaobh Costais de (féach caibidil 23) a mheas le haghaidh pinsin forlíontaigh ar an aois phinsin caomhnaithe a bhaint amach.

20.4 Má tá an fostóir sásta go bhfuil na réamhchoinníollacha atá leagtha amach díreach thuas á gcomhlíonadh, ansin féadfar pinsean forlíontach a íoc leis an mball, de rogha an fhostóra agus faoi réir an ríomh ag roinn 20.5.

20.5 Ríomhtar an pinsean forlíontach iníoctha (más ann dó) trí chomparáid a dhéanamh:

- (a) méid pinsean iarbhír Scéim na Múinteoirí arna dhámhachtain don bhall móide an méid (más ann) den ráta pearsanta den Phinsean Stáit (Ranníocach) nó de shochar árachais shóisialaigh phearsanta eile (m.sh. Sochar Cuardaitheora Poist) atá iníoctha leis nó léi; agus
- (b) **méid an phinsin ó Scéim na Múinteoirí a bheadh bronnta ar an mball dá mbeadh an pinsean sin ríofa faoi threoir an mhodha ríofa do sheirbhísigh phoiblí nach bhfuil a bpinsean comhtháite le hárachas sóisialach (i.e. ball atá ag íoc Aicme D (modhnaithe) ÁSPC).**



20.6 **Má tá (b) níos airde ná (a), ansin beidh pinsean forlíontach comhionann leis an difríocht eatarthu iníoctha.** Is cás comparadóra ÁSPC Aicme D (modhnaithe) é (b), ach is ionann (a) agus pinsean iarbhir an bhaill ó Scéim na Múinteoirí (gan aon pinsean forlíontach san áireamh), móide aon sochar árachais shóisialaigh.

20.7 Eisiatar seirbhís bharúlach agus pinsean forlíontach á ríomh

Samplaí de pinsean forlíontach

20.8 Léiríonn na samplaí thíos conas a dhéantar incháilitheacht ar pinsean forlíontach a bhunú shuíomh agus conas a ríomhtar an ráta íocaíochta:

Sampla 20(a)

Téann múinteoir a íocann ÁSPC Aicme A agus a bhfuil luach saothair inphinsin de €76,033 aici ar scor ar 31 Lúnasa 2021. Tá 37 bliain seirbhíse aici.

Luach saothair inphinsin	=	€76,033
Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021)	=	€12,956
3 1/3 x ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach).	=	€43,188
Seirbhís ináirithe	=	37 bliain

Pinsean Scéim na Múinteoirí Meánscoile =

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, MÓIDE

1/80 x iarmhéid pá os cionn €43,188 x seirbhís

$\frac{€43,188 \times 37,0000}{200}$	=	€7,990
--------------------------------------	---	--------

MÓIDE

$\frac{€32,845 \times 37,0000}{80}$	=	€15,191
-------------------------------------	---	---------

Pinsean Iomlán Scéim na Múinteoirí: €23,181 in aghaidh na bliana

Tá an múinteoir incháilithe ar shochar ar ráta laghdaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é an sochar sin ná Sochar Cuardaitheora Poist, atá iníoctha leis an mball ar ráta seachtainiúil laghdaithe de €159. Is ionann é seo agus **€8,297 in aghaidh na bliana.**

Mar sin, is é an t-ioncam ábhartha bliantúil iomlán don bhall, comhdhéanta de:

- pinsean Scéim na Múinteoirí Meánscoile; agus
- ráta laghdaithe sochair na Roinne Coimirce Sóisialaí;

ná **€31,478** (€23,181 + €8,297).

Ríomh pinsin le haghaidh comparadóir Aicme D:

Dá mbeadh an ráta modhnaithe ÁSPC (Aicme D) íoctha ag an múinteoir sa sampla seo, bheadh a pinsean Scéim na Múinteoirí Meánscoile ríofa mar seo a leanas:

€76,033 (luach saothair inphinsin) x 37,0000 bliain seirbhíse x 1/80

= **€35,165**



(Is é an €35,165 seo an pinsean a bheadh bronnta ar an múinteoir dá mbeadh a pinsean bunaithe ar an modh ríofa do sheirbhísigh phoiblí nach bhfuil a bpinsean comhtháite le hárachas sóisialta.)

Mar sin, is é an pinsean forlíontach iníoctha ná:

Pinsean iníoctha bunaithe ar ríomh ÁSPC Aicme D	€35,165
Pinsean iníoctha ó Scéim na Múinteoirí, móide an ráta laghdaithe sochair árachais shóisialaigh (Cuardaitheoirí Poist) atá á fháil	€31,478
Pinsean forlíontach iníoctha	€3,687 (in aghaidh na bliana)

Sampla 20(b)

Ní hionann an sampla seo agus Sampla 20(a) roimhe seo sa mhéid is go bhfuil fad seirbhíse níos lú ag an múinteoir (25 i gcomparáid le 37 bliain). Tá seirbhís níos lú suntasach sa chás seo, sa mhéid is go dtiomáineann sé an toradh ríofa a thaispeántar thíos **nach bhfuil aon pinsean forlíontach iníoctha faoina réir**. Tá an comhluach airgid ar

- an sochar leasa shóisialaigh (atá níos lú ná ráta iomlán an Phinsin Stáit (Ranníocach)) agus
- pinsean Scéim na Múinteoirí

níos airde ná an pinsean comparáide modhnaithe Aicme D. Mar sin níl aon easnamh ná aon pinsean forlíontach.

Is iad seo a leanas sonraí an cháis:

Téann múinteoir a íocann ÁSPC Aicme A agus a bhfuil luach saothair inphinsin de €76,033 aici ar scor ar 31 Lúnasa 2021. Tá 25 bliain seirbhíse aici.

Luach saothair inphinsin	=	€76,033
Ráta bliantúil an Phinsin Stáit (Ranníocach) tráth scoir (31 Lúnasa 2021)	=	€12,956
3 1/3 x ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach)	=	€43,188
Seirbhís ináirithe	=	25 bliain

Pinsean Scéim na Múinteoirí =

1/200 x luach saothair inphinsin suas go €43,188 x seirbhís, MÓIDE
1/80 x iarmhéid pá os cionn €43,188 x seirbhís,

$\frac{€43,188 \times 25.0000}{200}$	=	€5,399
--------------------------------------	---	--------

MÓIDE

$\frac{€32,845 \times 25.0000}{80}$	=	€10,264
-------------------------------------	---	---------

Pinsean Iomlán Scéim na Múinteoirí: €15,663 in aghaidh na bliana



Tá an múinteoir incháilithe ar shochar ar ráta laghdaithe ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é an sochar sin ná Sochar Cuardaitheora Poist, atá iníoctha leis an mball ar ráta seachtainiúil laghdaithe de €159. I dtéarmaí bliantúla is ionann é seo agus **€8,297**.

Mar sin, is é an t-ioncam ábhartha bliantúil iomlán don mhúinteoir, comhdhéanta de phinsean Scéim na Múinteoirí agus de shochar ráta laghdaithe na Roinne Coimirce Sóisialaí ná:

€23,960 (€15,663 + €8,297)

Ríomh pinsin le haghaidh comparadóir Aicme D:

Dá mbeadh an ráta modhnaithe ÁSPC (Aicme D) íoctha ag an múinteoir sa sampla seo, bheadh a pinsean Scéime na Múinteoirí Meánscoile ríofa mar seo a leanas:

€76,033 (luach saothair inphinsin) x 25,0000 bliain seirbhíse x 1/80

= €23,760

(Is é an €23,760 seo an pinsean a bheadh bronnta ar an múinteoir dá mbeadh a pinsean bunaithe ar an modh ríofa do sheirbhísigh phoiblí nach bhfuil a bpinsean comhtháite le hárachas sóisialta.)

Mar sin, is é an pinsean forlíontach iníoctha ná:

Pinsean iníoctha bunaithe ar ríomh ÁSPC Aicme D	€23,760
Pinsean iníoctha ó Scéim na Múinteoirí, móide an ráta laghdaithe sochair árachais shóisialaigh (Cuardaitheoirí Poist) atá á fháil	€23,960
Pinsean forlíontach iníoctha	NÍL

Mar sin níl aon pinsean forlíontach iníoctha sa chás seo.

Pinsean forlíontach ar scor faoi Luathscor Costas Neodrach

20.9 Ní bheidh pinsean forlíontach, nuair is cuí, iníoctha ach amháin le baill a bhaineann leas as Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de (féach caibidil 23) ar an aois phinsin chaomhnaithe ábhartha a bhaint amach (60 nó 65 bliana, de réir mar is cuí).

Pinsean forlíontach marthanóra

20.10 I gcás ina n-éagann ball ar seirbhís nó ball ar scor, agus i gcás ina mainníonn a c(h)éile marthanach nó a p(h)áirtneir sibhialta marthanach cáiliú do phinsean marthanóra leasa shóisialaigh ranníocach, nó má tá said incháilithe, nach bhfuil siad i dteideal ach ráta laghdaithe den phinsean marthanóra sin, ansin, faoi rogha iomlán an Aire Oideachais, féadfar pinsean forlíontach marthanóra a íoc faoin scéim, faoi réir na gcoinníollacha i roinn 20.3.



21. Éirí as seirbhís

21.1 Sa chás go n-éireoidh múinteoir atá ina b(h)all de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí as oifig agus nach bhfuil an tseirbhís íosta fabhráithe acu chun sochair a chaomhnú (féach caibidil 22 le haghaidh sonraí), d'fhéadfadh na roghanna seo a leanas a bheith ar fáil.

- (a) Má tá sé ar intinn ag an múinteoir filleadh ar an bhfostaíocht atá clúdaithe ag an Scéim Pinsin, ansin, ar choinníoll go dtarlaíonn filleadh ar an bhfostaíocht laistigh de 26 seachtaine, ní gá dó nó di faic a dhéanamh maidir lena ranníocaíochtaí pinsin agus, ar fhilleadh dó, fabhróidh sé seirbhís bhreise. Cuirfear an tseirbhís níos luaithe san áireamh chun sochar a ríomh ar scor ar deireadh.
- (b) Má bhogann an múinteoir chuig fostaíocht le comhlacht eile a ghlacann páirt i Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí, féadfaidh an múinteoir an tseirbhís a aistriú chuig an gcomhlacht sin. Ní féidir leas a bhaint as an rogha seo ach amháin sa chás go n-aistrítear chuig an bhfostóir nua laistigh de 26 seachtaine ón éirí as. Sa chás go dtéann eatramh níos mó ná 26 seachtaine i léig, ansin beidh an duine ina bhall de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) san fhostaíocht nua. Ní féidir teidlíochtaí pinsin cheirde a aistriú idir an Scéim Aonair agus scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí “atá ann cheana”.
- (c) Féadfaidh an múinteoir iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht na ranníocaíochtaí a íocadh isteach i Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí. Is í an aisíocaíocht atá iníoctha faoi láthair ná na ranníocaíochtaí iomlána a íocadh lúide cáin 20%.

21.2 Má fhágann an múinteoir seirbhís roimh aois an phinsin ach go bhfuil an tseirbhís íosta fabhráithe acu chun sochair a chaomhnú, níl aisíocaíocht ranníocaíochtaí ar fáil. Tá na roghanna seo a leanas ar fáil:

- (a) Má tá sé ar intinn ag an múinteoir filleadh ar fhostaíocht mhúinteoireachta atá clúdaithe ag an Scéim Pinsin ansin, ar choinníoll go dtarlaíonn filleadh ar an bhfostaíocht laistigh de 26 seachtaine, ní gá dó nó di faic a dhéanamh maidir lena ranníocaíochtaí aoisliúntais agus, ar fhilleadh dó/di, fabhróidh sé nó sí tuilleadh seirbhíse. Cuirfear an tseirbhís níos luaithe san áireamh chun sochar a ríomh ar scor ar deireadh.
- (b) Mura bhfillleann an múinteoir ar aon fhostaíocht seirbhíse poiblí choíche, beidh sochar caomhnaithe bunaithe ar an tseirbhís fabhráithe iníoctha nuair a shroicheann sé/sí aois an phinsin caomhnaithe. (Is í an aois phinsin caomhnaithe seo ná 60 bliain i gcás duine ar thosaigh a f(h)ostaíocht roimh 1 Aibreán 2004, agus 65 bliain i gcás duine ar iontrálaí nua é/í – féach roinn 15.5). **NB: Ní mór do mhúinteoir a d'fhág seirbhís cur isteach ar íocaíocht na sochar caomhnaithe. Ba chóir iarratas a dhéanamh trí mhí ar a laghad roimh aois an phinsin a bhaint amach.**



- (c) Aistriú Seirbhíse: Má bhogann an múinteoir go fostaíocht i gcomhlacht eile san earnáil poiblí atá rannpháirteach i Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí, féadfaidh an múinteoir rogha a dhéanamh an tseirbhís inphinsin a aistriú chuig an scéim pinsin sa chomhlacht sin. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag roinnt fachtóirí ar chinneadh an mhúinteora maidir le seirbhís a aistriú chuig an scéim pinsin san fhostaíocht nua nó an sochar a chaomhnú i Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí ón iarfhostaíocht. Ina measc seo tá dul chun cinn pá féideartha san fhostaíocht nua, athrú féideartha san aicme ÁSPC, agus comparáid idir na sochair ón dá scéim pinsin. Ní thugann an Roinn Oideachais aon chomhairle do bhall maidir le seirbhís a aistriú nó gan é a aistriú. Is ceist don bhall féin amháin í seo.

21.3 Mar atá luaite ag ranna 21.1 agus 21.2 thuas, féadfaidh ball a scoireann de bheith fostaithe mar mhúinteoir agus a théann i mbun fostaíochta le comhlacht atá ina bhall de Líonra Aistrithe na hEarnála Poiblí, rogha a bheith aige/aici seirbhís Scéim na Múinteoirí a aistriú isteach i scéim pinsin an chomhlachta sin. Tabhair do d'aire, áfach, nach féidir a leithéid d'aistriú a dhéanamh nuair a thagann an duine chun bheith ina bhall de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí tar éis dó/di dul isteach i gcomhlacht seirbhíse poiblí ina dhiaidh sin.



22. Sochair chaomhnaithe

Incháilitheacht

22.1 Maidir le ball de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí:

- (a) a fhágann an tseirbhís phoiblí tar éis dhá bhliain ar a laghad de **sheirbhís cháilitheach** a chur i gcrích (seirbhís blianta féilire – féach roinn 6.1);
- (b) nach bhfuil an aois íosta pinsin sroichte aige/aici (féach caibidil 15);
- (c) nach bhfuil sé/sí i dteideal sochair aoisliúntais láithreach;
- (d) nach mbaineann leas as Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de; agus
- (e) nach aistríonn a s(h)eirbhís go fostaíocht eile;

tá sé/sí i dteideal sochair aoisliúntais chaomhnaithe iníoctha, ar iarratas, ag aois an phinsin chaomhnaithe.

22.2 Bhí íosmhéid de sheirbhís ináirithe cúig bliana ag teastáil le haghaidh teidlíochta sochar caomhnaithe i gcás éirí as oifig roimh 2 Meitheamh 2002.

Sochair

22.3 Is iad na sochair chaomhnaithe:

- (a) cnapshuim agus pinsean caomhnaithe; nó
- (b) cnapshuim agus pinsean drochshláinte caomhnaithe, má cheadaítear é, roimh aois an phinsin chaomhnaithe a shroicheadh,
- (c) aisce bháis chaomhnaithe (má fhaigheann an ball bás sula dtagann teidlíocht chun pinsin chaomhnaithe agus cnapshuime); agus
- (d) pinsin marthanóirí agus leanaí caomhnaithe, i gcás inarb infheidhme.

Ríomh

22.4 Tá modh ríofa na sochar caomhnaithe mar atá leagtha amach i gcaibidil 17 agus 18. Tá an pinsean caomhnaithe agus an cnapshuim chaomhnaithe bunaithe ar:

- seirbhís ináirithe;
- luach saothair inphinsin an bhaill ar lá deiridh a s(h)eirbhíse; agus
- ráta an Phinsin Stáit (Ranníocach) (SPC) ar a lá deiridh seirbhíse;

arna mhéadú faoi thagairt do choigeartuithe tuarastail a tharlaíonn idir an dáta éirí as agus an dáta a thiochfaidh na sochair chaomhnaithe chun bheith iníoctha.

Sochair chaomhnaithe a íoc ag aois an phinsin chaomhnaithe

22.5 Sa ghnáthchúrsa, íoctar cnapshuim agus sochair phinsin chaomhnaithe, **ar iarratas**, le héifeacht ón aois íosta pinsin (aois phinsin chaomhnaithe).

Sochair chaomhnaithe a íoc roimh aois an phinsin chaomhnaithe mar gheall ar bhuan-drochshláinte

22.6 Maidir le hiarbhall atá incháilithe do shochair chaomhnaithe

- má thabhaíonn siad drochshláinte bhuan, agus



- **má shásaíonn said na coinníollacha scoir drochshláinte go léir a bhaineann le múinteoirí ar seirbhís (féach roinn 24.1),**

ansin féadfar sochair chaomhnaithe a íoc láithreach (ó dháta iarratais an iarbhaill). Beidh an pinsean agus an cnapshuim i gcás den sórt sin bunaithe ar sheirbhís ináirithe an iarbhaill ar an dáta éirí as oifig, gan aon bhlianta breise de bharr drochshláinte.

Bás roimh sochair chaomhnaithe a íoc

22.7 Má fhaigheann iarbhall atá incháilithe le haghaidh sochair chaomhnaithe bás sula mbíonn pinsean agus cnapshuim chaomhnaithe iníoctha leis nó léi, beidh aisce bháis chaomhnaithe atá comhionann le méid na cnapshuime caomhnaithe iníoctha, ar iarratas, lena (h)ionadaí pearsanta dlíthiúil. D'fhéadfadh pinsean marthanóra a bheith iníoctha freisin bunaithe ar bhallraíocht an iarbhaill sa Scéim Marthanóirí agus Leanaí agus seirbhís ináirithe ag dáta an éirí as oifig, gan aon bhlianta breise de bharr drochshláinte.



23. Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de

23.1 Ligeann Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de (CNER) do bhaill incháilithe Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí dul ar scor suas le deich mbliana roimh aois an phinsin chaomhnaithe, faoi réir fhaomhadh an fhostóra. Soláthraíonn CNER íocaíocht láithreach pinsin agus cnapshuime scoir, a ríomhtar an dá cheann acu trí laghdú achtúireach a dhéanamh ar na luachanna sochair chaomhnaithe a thiocthadh chun cinn dá mbeadh an duine ag éirí as ar an dáta luathscoir. Tarraingíonn an laghdú achtúireach seo, a bhfuil cur síos air i roinn 23.5 thíos, ar tháblaí d'fhachtóirí laghdaithe aoischéime i roinn 23.7. Ar mhaithe le héascaíocht tagartha tá na táblaí seo leagtha amach in Aguisín 3 freisin.

Incháilitheacht

23.2 Maidir le ball:

- (i) a bhfuil dhá bhliain de sheirbhís cháilitheach críochnaithe acu (féach roinn 6.1); agus
- (ii) atá, ar an dáta luathscoir atá beartaithe;
 - 50 bliain d'aois ar a laghad má tá aois phinsin chaomhnaithe 60 i bhfeidhm (iontrálaí neamh-nua), nó
 - 55 bliana d'aois ar a laghad má tá aois phinsin chaomhnaithe 65 i bhfeidhm (iontrálaí nua),

is féidir leo an rogha a ghlacadh iarratas a dhéanamh ar Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de.

23.3 Ní mór iarratas an bhaill ar CNER a dhéanamh agus a fhaomhadh tráth nach déanaí ná an dáta luathscoir atá beartaithe. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an ball a bheith i seirbhís chun iarratas a dhéanamh ar CNER; ní féidir iarratas a dhéanamh tar éis éirí as oifig. Má éiríonn ball Scéime le teidlíochtaí pinsin caomhnaithe as obair agus má chláraítear é/í ina dhiaidh sin i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfostaíocht nua, ní féidir leis an duine sin iarratas a dhéanamh ar shochair CNER ó Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí.

Ríomh

23.4 Maidir le baill a bhfuil a n-iarratas ar CNER ceadaithe, laghdaítear a bpinsean agus a gcnapshuim scoir go hachtúireach. Ríomhtar an pinsean agus an chnapshuim laghdaithe trí na céatadáin ábhartha ón tábla cuí i roinn 23.7 thíos a chur i bhfeidhm ar an sochar caomhnaithe, le coigeartú de réir mar is gá don aois bheacht (blianta agus laethanta) ag am scoir.

23.5 Agus coigeartú á dhéanamh don aois bheacht ag am scoir, ríomhtar pinsean agus cnapshuim de réir na foirmle seo a leanas:

$$[A + ((B / 365) \times (C - A))] \times \text{sochar caomhnaithe bunaithe ar sheirbhís}$$

nuair



- Is é A an fachtóir laghdaithe achtúireach (pinsean nó cnapshuim, de réir mar is cuí) sa tábla ceart thíos (60 nó 65 bliana d'aois chaomhnaithe), atá oiriúnach d'aois an duine ar a b(h)reithlá deiridh,
- Is é B líon na laethanta óna b(h)reithlá deiridh, agus
- Is é C an fachtóir laghdaithe achtúireach (pinsean nó cnapshuim, mar is cuí) sa tábla ceart thíos ((a) aois chaomhnaithe 60 nó (b) aois chaomhnaithe 65), is iomchuí d'aois an duine ar a c(h)éad lá breithe eile. Sa chás gurb é an chéad lá breithe eile an aois iarbhír chaomhnaithe ansin $C = 100\%$.

23.6 Ní mór aon ranníocaíochtaí neamhíoctha maidir le sochair Marthanóirí agus Leanaí (M&L) a asbhaint ón gcnapshuim “chaomhnaithe”. Ciallaíonn sé seo go ríomhtar an chnapshuim chomhlán chaomhnaithe ar dtús, agus ansin baintear méid na ranníocaíochtaí M&L gan íoc as an gcnapshuim chomhlán chaomhnaithe. Laghdaítear an chnapshuim iarmhartach ansin trí fhachtóir laghdaithe achtúireach CNER a chur i bhfeidhm, mar a chinntear ag baint úsáid as an bhfoirmle i roinn 23.5. Asbhainfear ranníocaíochtaí príomhscéime gan íoc (más ann dóibh) as an aisce cnapshuime mar is cuí.

Táblaí Fachtóirí Laghdaithe CNER le Samplaí

23.7 Tá na fachtóirí atá le cur i bhfeidhm chun luachanna sochair chaomhnaithe a thiontú go luachanna sochair laghdaithe go hachtúireach leagtha amach sna táblaí in Aiguisín 3. Leagtar amach iad freisin, le samplaí, sna táblaí ag (a) agus (b) thíos:

(a) Aois chaomhnaithe 60:

Daoine le haois chaomhnaithe 60 bliain d'aois		
Aois ar an mbreithlá deiridh	Pinsean	Cnapshuim
50	62.4%	82.2%
51	65.1%	83.9%
52	67.9%	85.5%
53	71.0%	87.2%
54	74.3%	88.9%
55	77.8%	90.7%
56	81.6%	92.4%
57	85.7%	94.3%
58	90.1%	96.1%
59	94.8%	98.0%

Sampla 23(a)

Déanann ball Scéime ag a bhfuil aois phinsin 60 bliain d'aois iarratas ar Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de, agus is é an 31 Lúnasa 2021 an dáta scoir atá beartaithe. Is é an 11 Aibreán 1970 an dáta breithe.

Tá 25.8575 bliain de sheirbhís ináirithe ag an mball tráth scoir, is é €76,033 an luach saothair inphinsin, agus tá feidhm ag ÁSPC (Aicme A) ar an ráta iomlán.



Ríomhtar an dámhachtain sochar pinsin mar seo a leanas:

Ríomh Pinsin atá Neodrach ó thaobh Costais de:

Ríomh luach an phinsin caomhnaithe ar dtús:

Pinsean = (1/200ú le haghaidh luach saothair inphinsin suas go €43,188 móide 1/80ú d'iarmhéid ar bith os cionn sin) x seirbhís

- €43,188 x 1/200 x 25.8575 = €5,584
- €32,845 x 1/80 x 25.8575 = €10,616

Pinsean caomhnaithe iomlán: €16,200

Ba cheart an luach pinsin caomhnaithe a laghdú go hachtúireach ansin faoin bhfoirmle chéatadáin:

$$[A + ((B / 365) \times (C - A))]$$

A = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ar an mbreithlá deiridh (51 bliain d'aois) = 65.1%

B = laethanta ón mbreithlá deiridh (tréimhse 12 Aibreán 2021 go 31 Lúnasa 2021) = 142 lá

C = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ar an gcéad bhreithlá eile (52 bliain d'aois) = 67.9%

$$\begin{aligned} & [65.1 + ((142 / 365) \times (67.9 - 65.1))] \\ & = [65.1 + (0.3890 \times 2.8)] \\ & = [65.1 + 1.09] \\ & = 66.19\% \end{aligned}$$

Mar sin laghdófar an pinsean thuas go hachtúireach faoi CNER mar seo a leanas:
€16,200 x 66.19% = €10,723 in aghaidh na bliana

Ríomh na Cnapshuime Neodrach ó thaobh Costais de:

Ríomh an luach cnapshuime caomhnaithe ar dtús:

Cnapshuim = Luach saothair inphinsin x 3/80 x seirbhís

- €76,033 x 3/80 x 25.8575 = €73,726

Ba cheart luach na cnapshuime caomhnaithe a laghdú go hachtúireach ansin faoin bhfoirmle chéatadáin:

$$[A + ((B / 365) \times (C - A))]$$

A = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ar an mbreithlá deiridh (51 bliain d'aois) = 83.9%

B = laethanta ón mbreithlá deiridh (tréimhse 12 Aibreán 2021 go 31 Lúnasa 2021) = 142 lá

C = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ar an gcéad bhreithlá eile (52 bliain d'aois) = 85.5%

$$\begin{aligned} & [83.9 + ((142 / 365) \times (85.5 - 83.9))] \\ & = [83.9 + (0.3890 \times 1.6)] \\ & = [83.9 + 0.62] \end{aligned}$$



= 84.52%

Dá bhrí sin laghdófar an chnapshuim thuas go hachtúireach faoi CNER mar a leanas:

€73,726 x 84.52% = €62,313

I Sampla 23(a) díreach thuas, téann an ball ar scor go luath faoi théarmaí CNER agus aois phinsin chaomhnaithe 60 acu. Dá bhfaigheadh sé nó sí bás ina dhiaidh sin ag fágáil cleithiúnaithe cáilitheacha, ríomhfaí na sochair marthanóirí agus leanaí a bheadh iníoctha leis na cleithiúnaithe sin trí thagairt don phinsean caomhnaithe €16,200, ní an pinsean laghdaithe go hachtúireach €10,723.

(b) Aois chaomhnaithe 65:

Daoine a bhfuil aois chaomhnaithe 65 bliana d'aois acu		
Aois ar an mbreithlá deiridh	Pinsean	Cnapshuim
55	58.2%	82.4%
56	61.1%	84.0%
57	64.1%	85.6%
58	67.4%	87.3%
59	71.0%	89.0%
60	74.8%	90.7%
61	79.0%	92.5%
62	83.6%	94.3%
63	88.5%	96.1%
64	94.0%	98.0%

Sampla 23(b)

Déanann múinteoir ag a bhfuil aois phinsin chaomhnaithe 65 bliain d'aois iarratas ar Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de, agus is é an 31 Lúnasa 2021 an dáta scoir atá beartaithe. Is é an 5 Bealtaine 1959 an dáta breithe.

Tá 15.6082 bliain de sheirbhís ináirithe ag an mball tráth scoir, is é €62,153 an luach saothair inphinsin, agus tá feidhm ag ÁSPC (Aicme A) ag an ráta iomlán.

Ríomhtar an dámhachtain sochar pinsin mar seo a leanas:

Ríomh Pinsin atá Neodrach ó thaobh Costais de:

Ríomh luach an phinsin chaomhnaithe ar dtús:

Pinsean = (1/200ú le haghaidh luach saothair inphinsin suas go €43,188 móide 1/80ú d'iarmhéid ar bith os cionn sin) x seirbhís

- €43,188 x 1/200 x 15.6082 = €3,370
- €18,965 x 1/80 x 15.6082 = €3,700

Pinsean caomhnaithe iomlán: €7,070



Ba cheart an luach pinsin chaomhnaithe a laghdú go hachtúireach ansin faoin bhfoirmle chéatadáin:

$$[A + ((B / 365) \times (C - A))]$$

A = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ar an mbreithlá deiridh (aois 62) = 83.6%

B = laethanta ón mbreithlá deiridh (tréimhse 6 Bealtaine 2021 go 31 Lúnasa 2021) = 118 lá

C = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ar an gcéad bhreithlá eile (aois 63) = 88.5%

$$[83.6 + ((118/365) \times (88.5 - 83.6))]$$

$$= [83.6 + (0.3233 \times 4.9)]$$

$$= [83.6 + 1.58]$$

$$= 85.18\%$$

Mar sin, laghdófar an pinsean thuas go hachtúireach faoi CNER mar seo a leanas:

$$€7,070 \times 85.18\% = €6,022 \text{ in aghaidh na bliana}$$

Ríomh na Cnapshuime Neodrach ó thaobh Costais de:

Ríomh an luach cnapshuime caomhnaithe ar dtús:

Cnapshuim = Luach saothair inphinsin x 3/80 x seirbhís

- €62,153 x 3/80 x 15.6082 = €36,379

Ba cheart luach na cnapshuime caomhnaithe a laghdú go hachtúireach ansin faoin bhfoirmle chéatadáin:

$$[A + ((B / 365) \times (C - A))]$$

A = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ar an mbreithlá deiridh (aois 62) = 94.3%

B = laethanta ón mbreithlá deiridh (tréimhse 6 Bealtaine 2021 go 31 Lúnasa 2021) = 118 lá

C = fachtóir sa tábla thuas a bhaineann le haois ar an gcéad bhreithlá eile (aois 63) = 96.1%

$$[94.3 + ((118/365) \times (96.1 - 94.3))]$$

$$= [94.3 + (0.3233 \times 1.8)]$$

$$= [94.3 + 0.58]$$

$$= 94.88\%$$

Dá bhrí sin, déanfar cnapshuim thuas a laghdú go hachtúireach faoi CNER mar a leanas:

$$€36,739 \times 94.88\% = €34,858$$

Maireann laghdú achtúireach CNER ar feadh an tsaoil

23.8 Tá feidhm ag an ráta pinsin laghdaithe go hachtúireach faoi CNER ar feadh shaolré íocaíocht an phinsin faoi réir coigeartuithe de réir méaduithe pinsin na seirbhíse poiblí, de réir mar is cuí. Ní féidir le ball a bhaineann leas as luathscor atá neodrach ó thaobh costais de athrú ina dhiaidh sin chuig íocaíocht phinsin chaomhnaithe ag gnáthaois chaomhnaithe (60 nó 65 bliain).



Sochair Marthanóirí agus Leanaí maidir le Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de

23.9 Ní chuireann Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de isteach ar shochair atá iníoctha le marthanóirí agus leanaí. Ciallaíonn sé seo go bhfuil aon sochair den sórt sin atá iníoctha i leith baill a chuaigh ar scor ar théarmaí CNER mar an gcéanna dá mbeadh an ball sin tar éis éirí as le sochair chaomhnaithe ina ionad sin ar an dáta a scoir sé nó sí go luath.

Pinsean Forlíontach i dtaca Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de 23.10 Ní bhíonn pinsin fhorlíontacha, nuair is cuí, iníoctha ach le baill a bhaineann leas as Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de ach amháin nuair a shroicheann siad aois phinsin chaomhnaithe ábhartha (60 nó 65 bliain mar is cuí).

Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de agus tionchar ar cheannach seirbhíse barúláí:

23.11 Bíonn tionchar ag Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de ar an leas a bhaintear as seirbhís a cheannach faoin Scéim um Sheirbhís Bharúlach a Cheannach. Go sonrach, nochtar an creidmheas seirbhíse ceannaithe (arna thomhas i mblianta) do chuid de na laghduithe seo a leanas nó iad go léir:

- (i) Ar an gcéad dul síos, beidh feidhm ag socruithe laghdaithe na Scéime Ceannaigh, de réir mar is cuí; ciallóidh na socruithe seo:
 - (a) cur i bhfeidhm i ngach cás ceannaigh tréimhsiúil den laghdú pro rata spreagtha ag luathchríoch na ranníocaíochtaí tréimhsiúla (féach roinn 14.10);
 - (b) cur i bhfeidhm fachtóirí laghdaithe achtúireacha na Scéime Ceannaigh i gcásanna áirithe atá oiriúnach d'íocaíocht pinsin ag aois an phinsin chaomhnaithe; **ní tharlaíonn an laghdú seo ach amháin nuair a bhíonn ball atá ag baint tairbhe as CNER agus aois chaomhnaithe 60 bliain d'aois acu ag ceannach go dtí 65 bliain d'aois;** tá na fachtóirí laghdaithe seo leagtha amach in Aguisín 2;
- (ii) Ar an dara dul síos, cuirfeadh an tseirbhís ceannaithe – a d'fhéadfadh a bheith laghdaithe nó gan a bheith laghdaithe leis na bearta ag (i)(a) agus (i)(b) thuas – leis an tseirbhís iarbhír ansin, agus úsáidfeadh an t-iomlán ansin chun pinsean agus cnapshuim scoir caomhnaithe a ríomh, agus is ansin amháin a chuirfeadh na fachtóirí laghdaithe CNER ábhartha i bhfeidhm ar na méideanna sochair chaomhnaithe sin.



24. Scor ar fhorais leighis

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh ar scor ar fhorais leighis

24.1 Ní mór an nós imeachta seo a leanas a leanúint i ngach cás ina ndéanann ball de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí iarratas ar scor ar fhorais leighis:

- Déantar iarratas ar scor ar fhorais leighis trí dhá fhoirm a chomhlánú:
 - RET.D1 (iarratas ar shochair) – a chuirtear ar ais chuig an Aonad Pinsean, An Roinn Oideachais, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.
 - Foirm TMED 1 – caithfidh an ball an chuid ábhartha den fhoirm seo a chomhlánú agus a thabhairt dá lia cóireála lena comhlánú.
- Ba chóir don dochtúir an fhoirm a chomhlánú agus tuairisc leighis rúnda ó dhochtúir go dochtúir a cheangal leis an bhfoirm. Seoltar í seo ar ais go díreach chuig an tseirbhís sláinte ceirde (OHS), a bhfuil sonraí ina leith liostaithe ar an bhfoirm. Tá sé riachtanach go bhfuil an fhianaise leighis a chuirtear isteach cuimsitheach agus go n-áirítear na sonraí cliniciúla ábhartha go léir. Caithfidh sé déileáil le diagnóis, cóireáil agus prognóis.
- Nuair a fhaightear TMED 1 (lena n-áirítear na tuarascálacha riachtanacha ar fad) agus fógra ón Aonad Pinsean go bhfuil RET.D1 faighte, rachaidh an OHS i dteagmháil leis an mball chun coinne a shocrú.
- Freastalóidh an ball ar mheasúnú leighis, agus beidh foirm mheasúnaithe i gceist mar chuid de.
- Eiseofar moladh chuig an Aonad Pinsean, tar éis don OHS measúnú leighis a dhéanamh.
- Coinneoidh an OHS tuarasc ar comhad.
- Is é an tAire Oideachais ina ról mar sholáthraí scéime pinsin a dhéanann an cinneadh iarratas ar scor de bharr drochshláinte a cheadú nó a dhiúltú. Tá an cinneadh bunaithe ar mholadh an OHS. Féadfaidh an ball moladh an OHS a achomharc chuig dochtúir nó seirbhís sláinte ceirde eile arna ainmniú ag an Roinn. Soláthrófar Níosanna Imeachta Scoir an Mhúinteora de bharr Drochshláinte ar iarratas ar scor de bharr drochshláinte.

Tréimhse dílsithe drochshláinte

24.2 Ciallaíonn an tréimhse dílsithe drochshláinte an tréimhse seirbhíse nach mór a bhaint amach ionas gur féidir pinsean agus cnapshuim scoir láithreach a íoc le duine atá ceadaithe le haghaidh scoir ar fhorais leighis. Is í an tréimhse dílsithe um dhrochshláinte, a chumhdaíonn scor an 1 Lúnasa 2012 nó dá éis, ná cúig bliana féilire seirbhíse.



Blianta breise

24.3 I gcás ina n-éireoidh ball ar scor ar fhorais leighis tar éis cúig bliana seirbhíse iarbhír ar a laghad a bheith críochnaithe aige/aici, féadfar “blianta breise” a dheonú don bhall sin, i dteannta lena s(h)eirbhís iarbhír, ar an mbonn atá leagtha amach sa tábla thíos, chun feabhsú (méadú) a dhéanamh ar an bpinsean scoir agus an chnapshuim:

Seirbhís iarbhír	Blianta breise
Idir 5 - 10 mbliana	Méid coibhéseach seirbhíse iarbhír (seirbhís faoi dhó), faoi réir an méid sin de bhlianta breise gan dul thar seirbhís ionchasach go dtí 65 bliana d'aois.
Idir 10 - 20 bliain	An ceann is fabhraí de: (i) an difríocht idir seirbhís iarbhír agus 20 bliain, faoi réir an méid sin de bhlianta breise gan dul thar 65 bliain d'aois, nó (ii) 6.6667 bliain, faoi réir an méid sin de bhlianta breise gan dul thar seirbhís ionchasach go dtí 60 bliain d'aois.
Níos mó ná 20 bliain	Mar atá ag (ii) thuas.

Mar atá le feiceáil sa tábla thuas, d'fhéadfadh "seirbhís fhéideartha" go dtí 60 bliain d'aois nó 65 bliain d'aois a bheith ina fachtóir chun méid na seirbhíse breise a dheonaítear do phinseanaí ar chúiseanna leighis a chinneadh. D'fhéadfadh ríomh na seirbhíse féideartha seo do bhaill páirtaimseartha na Scéime Pinsin a bheith bunaithe ar an bpatrún oibre/tinrimh ag an am scoir, rud a sheachadfaidh dámhachtain blianta breise níos ísle ná mar a bheadh i gcás an duine sin a bheith ina dhuine ag freastal go lánaimseartha. I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh bonn difriúil ríofa a bheith i bhfeidhm. I gcásanna ina n-éilíonn conradh duine go n-oibreoidh siad uaireanta luaineacha, nó inar laghdaíodh gnáthuaireanta oibre duine sna trí bliana deiridh de sheirbhís inphinsin, d'fhéadfadh patrún oibre/tinrimh a bheith bunaithe ar mheánlíon bliantúil na n-uaireanta a oibríodh sna trí bliana deiridh de sheirbhís inphinsin. I ngach cás de scor de bharr drochshláinte a bhaineann le baill roinnte oibre den Scéim Pinsean, ba chóir féachaint ar [Ciorclán 11 de 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe \(ailt 19-20\)](#).

24.4 I gcás baill atá ar scor ar chúiseanna leighis ag téarnamh ó thinneas agus ag filladh ar fhostaíocht, cuirfear deireadh leis an bpinsean. Ar scor ina dhiaidh sin, beidh an pinsean agus an chnapshuim bunaithe ar sheirbhís iomlán inphinsin, gan na blianta breise a bronnadh roimhe sin ar scor níos luaithe ar fhorais leighis a áireamh. Ina theannta sin, déanfar méid na cnapshuime a íoctar ar scor ar fhorais leighis a aisghabháil ón íocaíocht deiridh cnapshuime.



25. Aiscí

Aisce Ghearrsheirbhíse

25.1 Tá aisce gearrsheirbhíse iníoctha le ball de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí a théann ar scor ar fhorais leighis agus a bhfuil ar a laghad bliain amháin de sheirbhís ináirithe iarbhír aige/aici ach níos lú ná an tréimhse dílsithe drochshláinte (cúig bliana féilire seirbhíse).

25.2 Is é méid na haisce gearrsheirbhíse ná:

- (a) 1/12ú den luach saothair inphinsin in aghaidh gach bliana de sheirbhís ináirithe iarbhír;
MÓIDE
- (b) 3/80ú de luach saothair inphinsin in aghaidh na bliana de sheirbhís ináirithe iarbhír **ar choinníoll go bhfuil an ball tar éis tréimhse dílseacháin na ballraíochta scéime a sheirbheáil** (dhá bhliain féilire seirbhíse – féach caibidil 6).

25.3 Féadfaidh ball a bhfuil níos mó ná dhá bhliain féilire seirbhíse aige/aici dámhachtain sochair chaomhnaithe a roghnú in ionad na hAisce Gearrseirbhíse sa chás ag (b) thuas.

25.4 Tá aisíocaíocht ranníocaíochtaí iníoctha, ar iarratas, le ball den Scéim Pinsin a bhfuil deireadh lena f(h)ostaíocht agus a d'fhóin níos lú ná an tréimhse dílseacháin (féach freisin roinn 21.1(c)). Níl aon sochar scéime eile iníoctha le duine nó i leith duine a ghlacann le haisíocaíocht den sórt sin.

Aisce Bháis

25.5 Féach ranna 26.3 agus 26.4 le haghaidh sonraí faoi aisce bháis.

Aisce Bháis Chomhardaithe

25.6 Féach roinn 26.8 le haghaidh sonraí maidir le haisce bháis chomhardaithe.



SOCHAIR BÁIS

26. Bás le linn seirbhíse agus bás tar éis éirí as an tseirbhís

Bás le linn seirbhíse

26.1

- (a) Nuair a fhaigheann ball Scéime bás le linn seirbhíse, féadfaidh aisce bháis a bheith iníoctha lena (h)ionadaí **pearsanta dlíthiúil** (i.e. dá (h)eastáit) – féach ranna 26.3 agus 26.4 thíos le haghaidh sonraí maidir le bás le linn seirbhíse; agus
- (b) Nuair a fhaigheann ball Scéime bás le linn seirbhíse nó tar éis scoir nó ar fhágáil seirbhíse le pinsean caomhnaithe, d'fhéadfadh pinsin a bheith iníoctha lena c(h)éile **marthanach/páirtneir sibhialta agus leanaí cáilithe** – féach caibidil 27 le haghaidh sonraí.

26.2 Tá sampla (uimh. 27(c)) den dá chatagóir íocaíochta seo – (a) agus (b) i gcaibidil 26 thuas – tar éis bhás bhaill tugtha ag roinn 27.25, féach “Sampla 27(c) – comhshampla de aisce bháis agus pinsin marthanóra a ríomh (lena gcumhdaítear caibidilí 26 agus 27). I gcás iarbhail le pinsean caomhnaithe a fhaigheann bás roimh aois an phinsin chaomhnaithe, is I an Aisce Bháis atá iníoctha leis an ionadaí pearsanta dlíthiúil an chnapshuim chaomhnaithe uasráitithe agus tá pinsean an Mharthanóra, má tá sé iníoctha, bunaithe ar an tseirbhís iarbhír.

26.3 Má fhaigheann **ball lánaimseartha den Scéim** bás le linn seirbhíse, íoctar **aisce bháis dá (h)ionadaí pearsanta dlíthiúil** atá comhionann leis an gceann is mó acu seo:

- (a) luach saothair inphinsin an bhaill éagtha (féach caibidil 16 le haghaidh sonraí); nó
- (b) méid na cnapshuime scoir a bheadh faighte ag an mball dá mbeadh sé/sí imithe ar scor ar fhorais dhrochshláinte ar dháta a b(h)áis (sonraí ríofa ag caibidil 24).

26.4 Má fhaigheann **ball páirtaimseartha den Scéim** bás le linn seirbhíse, íoctar **aisce bháis dá (h)ionadaí pearsanta dlíthiúil** atá comhionann leis an gceann is mó acu seo:

- (a) tuarastal iarbhír an bhaill éagtha (ní tuarastal coibhéiseach lánaimseartha, féach ailt 22 agus 23 de [Chiorclán 11/2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe](#)); nó
- (b) méid na cnapshuime scoir a bheadh faighte ag an mball dá mbeadh sé/sí imithe ar scor ar fhorais dhrochshláinte ar dháta a bháis.

26.5 Féadfar pinsean a dheonú freisin don chéile/páirtneir sibhialta marthanach nó d'aon leanaí incháilithe (féach Caibidil 27).

Bás tar éis scoir



26.6 Má fhaigheann ball bás tar éis dó/di dul ar scor le pinsean láithreach agus cnapshuim, agus má bhíonn méid na cnapshuime, móide iomlán na n-íocaíochtaí pinsin suas go dtí dáta an bháis, níos lú ná luach saothair inphinsin an bhaill éagtha, tá **aisce bháis chomhardaithe** comhionann le méid an easnaimig sin iníoctha le hionadaí pearsanta dlíthiúil an bhaill éagtha.

26.7 Féadfar pinsean a dheonú freisin don chéile/páirtneir sibhialta marthanach agus/nó d'aon leanaí incháilithe (féach Caibidil 27).

Aisce bháis a íoc nó aisce chomhardaithe

26.8 Ionas go n-íocfar aon aisce bháis (ranna 26.3 agus 26.4) nó aon aisce bháis chomhardaithe (roinn 26.6), ba cheart don ionadaí dlíthiúil probháid bhunaidh na huachta, nó má fhaigheann an ball bás gan tiomna bunlitreacha riaracháin, a chur isteach chuig an Roinn.



27. Sochair Marthanóirí agus Leanaí

27.1 Soláthraíonn an Scéim Marthanóirí agus Leanaí (M&L) pinsin do mharthanóir agus/nó leanaí cleithiúnacha múinteora atá ina b(h)all den Scéim M&L agus a fhaigheann bás i seirbhís nó tar éis cáiliú do phinsean nó do phinsean caomhnaithe. I gCaibidil 1 tá sonraí faoi bhallraíocht na Scéime Marthanóirí agus Leanaí.

Sochair

27.2 Déanann an Bunscéim M&L agus an Scéim Leasaithe M&L foráil d'focaíocht pinsin leis an gcéile nó páirtneír sibhialta marthanach agus, nuair is cuí, le leanaí múinteora nach maireann.

27.3 Tá na tairbhíthe faoin Scéim M&L leagtha amach go mion in Airteagail 31 (céilí agus páirtneírí sibhialta) agus 32 (leanaí) de I.R. Uimh. 435 de 2009, agus is féidir iad a achoimriú mar seo a leanas:

Scéim Bhunaidh	Scéim Leasaithe
Céile dlíthiúil / páirtneír sibhialta dlíthiúil, ar choinníoll go dtarlaíonn an pósadh nó an pháirtneireacht sibhialta roimh scor	Céile dlíthiúil / sibhialta dlíthiúil páirtí beag beann ar dháta an phósta nó na páirtneireachta sibhialta
Leanaí a rugadh nuair a bhíonn an ball pósta am éigin le linn thréimhse an bhallraíochta ranníocaigh le máthair nó le hathair an linbh	Gach leanbh

27.4 Measfar leanaí a bheith incháilithe le haghaidh íocaíocht pinsin má tá siad:

- faoi 16 bliana d'aois;
- faoi 22 bliain d'aois agus ag fáil oideachais lánaimseartha; nó
- i gcás go bhfuil an leanbh faoi éagumas mar gheall ar éigléocht mheabhrach nó choirp, agus go raibh an éigléocht sin i láthair le linn don leanbh a bheith faoi 16, nó faoi 22 má bhí sé/sí in oideachas lánaimseartha; i gcás den sórt sin, féadfar an pinsean a íoc ar feadh shaolré an linbh éagumasaithe.

Ráta íocaíochta – céile marthanach nó páirtneír sibhialta (“marthanóir”)

27.5 Don chéad mhí tar éis bhás an bhaill, gheobhaidh an céile/páirtneír sibhialta an íocaíocht seo a leanas:

I gcás go bhfaighidh an ball bás i seirbhís	pinsean comhionann le 1/12 ^ú de thuarastal an bhaill éagtha
Sa chás go bhfaigheann an ball bás ar phinsean agus go raibh sé/sí faoi dhliteanas ÁSPC Aicme D	pinsean comhionann le <ul style="list-style-type: none"> 1/12^ú de phinsean scoir bliantúil an bhaill éagtha, nó 1/12^ú de ráta bliantúil an phinsin marthanóirí, cibé acu is mó



<p>Sa chás go bhfaigheann an ball bás ar phinsean agus go raibh sé/sí faoi dhliteanas ÁSPC Aicme A</p>	<p>pinsean comhionann le</p> <ul style="list-style-type: none"> • 1/12^ú den pinsean scoir bliantúil a bheadh ag an mball éagtha faoi thagairt don luach saothair inphinsin coigeartaithe (a shainmhínítear mar luach saothair inphinsin lúide an Pinsean Stáit (Ranníocach) tráth), nó • 1/12^ú de ráta bliantúil an phinsin marthanóirí, cibé acu is mó
--	--

27.6 Ina dhiaidh sin, gheobhaidh an céile/páirtneir sibhialta pinsean marthanóra mar a leanas:

Múinteoir faoi dhliteanas ÁSPC Aicme D	Pinsean marthanóra iníoctha
I gcás go bhfaigheann an múinteoir bás i seirbhís nó le linn dó/di a bheith ag fáil pinsean drochshláinte	pinsean comhionann le 50% den pinsean a bheadh ag an múinteoir ag 65 bliain d'aois
I gcás go bhfaigheann an múinteoir bás ar phinsean	pinsean comhionann le 50% de pinsean iarbhír an bhaill éagtha
I gcás go bhfaigheann an múinteoir bás agus sochar caomhnaithe aige/aici	Pinsean cothrom le 50% de pinsean caomhnaithe an mhúinteora

27.7 Do mhúinteoirí a íocann ÁSPC Aicme A, déantar an pinsean céile/páirtneir sibhialta 50% sa tábla thíos a ríomh trí thagairt do **Luach Saothair Inphinsin Choigeartaithe, a shainmhínítear** mar luach saothair inphinsin lúide ráta uasta an Phinsin Stáit (Ranníocach) **méadaithe faoi a haon**.

Ríomhtar pinsean an mharthanóra sna cásanna seo mar 50% de **“pinsean an éagaigh” barúlach**. Ríomhtar pinsean barúlach an éagaigh ar an mbonn seo a leanas:

- 1/80^ú den **luach saothair inphinsin coigeartaithe** in aghaidh na bliana seirbhíse;
- níl aon fhabhrú pá “1/200^ú” ann (mar a bhaineann le gnáthpinsean Aicme A a ríomh – féach roinn 18.4).

Múinteoir faoi dhliteanas ÁSPC Aicme A	Pinsean marthanóra iníoctha
I gcás go bhfaigheann an múinteoir bás i seirbhís nó le linn dó/di a bheith ag fáil pinsean drochshláinte	Pinsean cothrom le 50% den pinsean a bheadh ag an múinteoir ag 65 bliain d'aois arna athríomh ag tagairt don luach saothair inphinsin choigeartaithe



I gcás go bhfaigheann an múinteoir bás ar phinsean	Pinsean comhionann le 50% de phinsean iarbhír an bhaill éagaigh arna athríomh ag tagairt don luach saothair inphinsin coigeartaithe
I gcás go bhfaigheann an múinteoir bás agus sochar caomhnaithe aige/aici	Pinsean cothrom le 50% de phinsean caomhnaithe an bhaill éagtha arna athríomh ag tagairt don luach saothair inphinsin coigeartaithe

Sampla 27(a)

27.8 Faigheann múinteoir a d’íoc ÁSPC Aicme A bás le linn seirbhíse an 1 Iúil 2021 ag 49 bliain d’aois agus 22 bliain seirbhíse aige. Is é 65 aois an phinsin chaomhnaithe, agus is é 16 bliana an tseirbhís fhéideartha a d’fhéadfadh a bheith aige go dtí 65 bliana d’aois. Ba é a luach saothair inphinsin tráth a bháis ná €76,033 in aghaidh na bliana.

Ríomhtar pinsean an mharthanóra mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Is é an téarma “38 bliain seirbhíse” suim na seirbhíse iarbhír (22 bliain) agus an tseirbhís fhéideartha go dtí 65 bliana d’aois (16 bliana).

Luach saothair inphinsin	€76,033
Pinsean Stáit (Ranníocach) amhail an 1 Iúil 2021	€12,956
Luach saothair inphinsin coigeartaithe	€63,077
Pinsean barúlach an éagaigh bunaithe ar 38 bliain seirbhíse: (€63,077 x 38.0000 x 1/80)	€29,962
Pinsean céile/páirtneir sibhialta (€29,962 x 50%)	€14,981

Ráta íocaíochta – leanaí cleithiúnacha

27.9 Sa chás go bhfuil leanaí cleithiúnacha incháilithe ag múinteoir nach maireann, beidh pinsean iníoctha le gach leanbh cleithiúnach dá leithéid. Beidh an t-uasmhéid iníoctha maidir le pinsin leanaí comhionann le pinsean an mharthanóra. Sa chás go bhfágann an t-éagach marthanóir (i.e. céile marthanach/páirtneir sibhialta marthanach) agus suas le triúr leanaí cleithiúnacha, beidh an pinsean iníoctha le gach leanbh ag ráta aon trian de phinsean an mharthanóra. Sa chás go bhfuil níos mó ná triúr leanaí cleithiúnacha ann, roinnfear an t-uasmhéid go cothrom idir na leanaí.

27.10 I Sampla 27(a) thuas, dá mbeadh beirt leanaí incháilithe, is é an pinsean a bheadh iníoctha le gach leanbh ná:

- $(€14,981 / 3) = €4,994$

Mar sin d’íocfaí €9,988 (€4,994 x 2) i bpinsin leis an mbeirt leanaí.

27.11 Arís, bunaithe ar Sampla 27(a) thuas, dá mbeadh ceathrar leanaí incháilithe, is é an t-uasmhéid iníoctha ná €14,981 roinnte go cothrom ar an gceathrar leanaí.

27.12 Sa chás go bhfuil leanaí cleithiúnacha ag an duine éagtha agus nach bhfuil céile nó páirtneir sibhialta ar marthain ag an duine éagtha, nó i gcás go bhfuil céile



nó páirtneir sibhialta a fhaigheann bás ina dhiaidh sin ag maireachtáil air nó uirthi, is mar seo a leanas a bheidh an pinsean iníoctha:

- (a) i gcás ina bhfuil leanbh amháin ann, trian de phinsean an duine nach maireann; nó
- (b) i gcás beirt leanaí nó níos mó a bheith ann, ráta i leith gach linbh is comhionann le leath pinsean an duine éagtha arna roinnt ar líon na leanaí.

Ranníocaíochtaí

27.13 Íocann baill scéime ranníocaíochtaí tréimhsiúla i leith sochair Marthanóirí agus Leanaí. D'fhéadfadh ranníocaíochtaí neamhtréimhsiúla a bheith iníoctha freisin as seirbhís roimh ré nach bhfuil ranníocaíochtaí íoctha ina leith.

Ranníocaíochtaí Tréimhsiúla

27.14 Íoctar ranníocaíochtaí tréimhsiúla trí asbhaint ón tuarastal ar bhonn leanúnach. Is é an ráta ranníocaíochta ná 1.5% den luach saothair inphinsin, ach méadaíonn sé seo go ráta 2% i gcás baill den Scéim Leasaithe M&L a dhiúltaigh leas a bhaint as an gcéad rogha chun dul isteach sa Scéim Bhunaidh M&L. Níl ranníocaíochtaí tréimhsiúla iníoctha ach amháin i leith tréimhsí seirbhíse inphinsin; ní íoctar iad le linn tréimhsí saoire speisialta gan phá, saoire bhreiteachta gan phá, nó saoire bhreiteachta ag ráta pá an Luach Saothair Athshlánaithe Sealadaigh (TRR). Tá ranníocaíochtaí iníoctha áfach le linn tréimhsí saoire bhreiteachta íoctha, cibé acu ar phá iomlán nó ar leathphá, agus is é an ráta ranníocaíochta do na tréimhsí seo ná 1.5% den luach saothair inphinsin (fiú nuair a bhíonn pá breiteachta ag leath-ráta).

Ranníocaíochtaí Neamhtréimhsiúla

27.15 Íoctar ranníocaíochtaí neamhtréimhsiúla (trí asbhaint as cnapshuim scoir, cnapshuim chaomhnaithe, aisce bháis nó aisce bháis chaomhnaithe, de réir mar is cuí) i leith múinteoirí, agus iad ag scor dá seirbhís;

- (a) atá pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta; nó
- (b) a bhí pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta am éigin le linn bhallraíocht na Scéime.

27.16 **Tá ranníocaíochtaí neamhtréimhsiúla iníoctha** i leith “seirbhís iomchuí”, a chiallaíonn:

- (a) do bhall atá pósta nó i bpáirtneireacht shibhialta, an tseirbhís go léir (lena n-áirítear seirbhís bharúlach agus blianta breise a dámhadh) is ináirithe i leith pinsin marthanóra;
- (b) do bhall ar baintreach nó ball é/í a bhfuil colscaradh nó díscáileadh páirtneireachta sibhialta faighte aige/aici, an tréimhse ó thús seirbhís ináirithe an bhaill go dtí dáta dheireadh an phósta nó na páirtneireachta sibhialta.

27.17 Is é an ráta ranníocaíochta neamhtréimhsiúil ná :

1% den luach saothair inphinsin ag am scoir do gach bliain de sheirbhís ábhartha, lúide aon bhlianta ar íocadh ranníocaíochtaí tréimhsiúla (nó ranníocaíochtaí ceannaigh) ina leith.



Méadaíonn an ráta ranníocaíochta neamhthréimhsiúil seo go **1.5% den luach saothair inphinsin** i gcás baill den Scéim Leasaithe M&L a dhiúltaigh leas a bhaint as an gcéad rogha chun dul isteach sa Scéim Bhunaidh M&L.

Is é an ráta ranníocaíochta neamhthréimhsiúil le haghaidh seirbhíse a ceannaíodh faoi Chiorclán 26/97 ná 1.5% den ghlanluach saothair inphinsin

27.18 Níl ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla iníoctha ag aon mhúinteoir a bhí neamhphósta agus nach bhfuil i bpáirtnéireacht shibhialta i gcónaí le linn dó nó di bheith ina b(h)all den Scéim.

27.19 Ní dhéantar ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla a íoc ach amháin mura bhfuil ranníocaíochtaí tréimhsiúla íoctha ag ball i leith gach seirbhíse ábhartha, e.g.

- (a) i gcásanna báis le linn seirbhíse nó scoir ar fhorais leighis (i gcás ina gcuirtear seirbhís ionchasach an bhaill chun sochair do chéile nó do pháirtnéir sibhialta an bhaill go dtí 65 bliain d'aois); nó
- (b) seirbhís aistrithe roimh ré nó aon tréimhse seirbhíse eile nár íocadh ranníocaíochtaí tréimhsiúla ina leith; nó
- (c) breise a deonaíodh le haghaidh scoir ar fhorais leighis.

27.20 Féadfaidh ball a bhfuil “seirbhís réamh-Scéime” aige/aici (mar atá ag 27.19(b) díreach thuas) an muirear neamhthréimhsiúil i leith na seirbhíse sin a laghdú nó deireadh a chur leis trí ranníocaíochtaí tréimhsiúla breise a íoc ag ráta 1.5% den luach saothair inphinsin don tréimhse chomhfhreagrach seirbhíse sin a bhfuil ranníocaíochtaí dlite ina leith. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an ball ranníocaíochtaí leanúnacha a “dhúbailt suas” (nó iolraí eile de ranníocaíochtaí leanúnacha a íoc) chun an dliteanas a urscaoileadh.

Sampla 27(b)

27.21 Tá múinteoir pósta agus tá seirbhís pháirtaimseartha acu roimhe seo arb ionann í agus 2.50 bliain. Ní dhearnadh aon ranníocaíochtaí do shochair Marthanóirí agus Leanáí agus mar sin tá dliteanas 2.50 bliain ag dul ar scor.

Is é an costas dliteanais ná $(2.50 \times 1\%) = 2.50\%$ den luach saothair inphinsin ag am scoir le hasbhaint ón gcnaphuim scoir.

Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh go roghnódh an múinteoir 1.5% breise dá luach saothair inphinsin a íoc thar thréimhse 2.50 bliain, nó “dúbailt suas” agus 3.75% $(2.50 \times 1.5\% = 3.75\%)$ de luach saothair inphinsin a íoc thar thréimhse dhá mhí déag.

Aisíoc ranníocaíochtaí

27.22 Faoin Scéim Bhunaidh agus Scéim Leasaithe araon, déantar ranníocaíochtaí maidir le sochair Marthanóirí agus Leanáí a aisíoc sna cúinsí seo a leanas:

- (a) i gcás ina scoireann ball den tseirbhís (seachas ar bhás), nach gcáilíonn sé/sí do phinsean nó do phinsean caomhnaithe, agus nach n-aistríonn sé/sí seirbhís chuig eagraíocht eile – sa chás seo, tá aisíocaíocht iomlán iníoctha (is í an chúis is coitianta leis seo ná go bhfuil níos lú ná dhá bhliain seirbhíse ag an mball);



- (b) i gcás ina mbeidh ranníocaíochtaí tréimhsiúla íoctha ag ball ar feadh tréimhse níos faide ná 40 bliain; sa chás seo, déantar aisíocaíocht i leith na tréimhse barrachais amháin (ag tosú leis na ranníocaíochtaí tosaigh a d'íoc an ball, i.e. na chéad íocaíochtaí a rinneadh isteach sa scéim);
- (c) i gcás baill a théann ar scor ar phinsean nó a éagann i seirbhís agus a bhí sa saol reiligiúnach agus faoi cheangal ag móid aontumha ar feadh thréimhse a mballraíochta, beidh said i dteideal aisíoc a fháil ar a ranníocaíochtaí tréimhsiúla.

27.23 Tá aisíocaíochtaí iníoctha freisin, faoin Scéim Bhunaidh amháin, sna cúinsí seo a leanas:

- (a) i gcás go bhfuil ball neamhphósta agus nach bhfuil sé/sí i bpáirtnéireacht shibhialta ag an am a scoir den tseirbhís, gur fhan sé gan pósadh le linn a bhallraíochta sa scéim agus nach n-aistríonn sé seirbhís chuig eagraíocht eile – sa chás seo, tá aisíoc iomlán iníoctha;
- (b) i gcás go bhfuil ball ina b(a)intreach nó go bhfuil a p(h)áirtneir sibhialta tar éis bháis tráth scoir den tseirbhís agus go bhfuil ranníocaíochtaí tréimhsiúla íoctha aige/aici de bhreis ar “sheirbhís iomchuí” – sa chás seo, déantar aisíocaíocht i leith na tréimhse barrachais (ag tosú leis na ranníocaíochtaí deiridh a d'íoc an ball);
- (c) i gcás ina bhfaigheann marthanóir baill a chuaigh ar scor ar fhorais dhrochshláinte bás sula sroicheann an ball an aois scoir éigeantach – sa chás seo, faigheann an ball aisíocaíocht pháirteach ar na ranníocaíochtaí neamhthréimhsiúla a asbhaineadh ón gcnaphuim scoir.

27.24 Go ginearálta bíonn gach aisíocaíocht ranníocaíochtaí i leith daoine beo faoi réir muirear cánach. Mar sin féin, tagann aisíocaíochtaí maidir le cásanna Bás le linn Seirbhíse faoi raon teorainneacha saor ó cháin na gCoimisinéirí Ioncaim do chnaphuimeanna báis-le-linn-seirbhíse, mar sin de ghnáth beidh aisíocaíochtaí i gcúinsí den sórt sin, faoi Rialacha reatha na gCoimisinéirí Ioncaim, saor ó cháin.

Sampla 27(c) – comhshampla de ríomh aisce bháis agus pinsean marthanóra (clúdaíonn caibidlí 26 agus 27)

27.25 Faigheann Pádraig, múinteoir lánaimseartha agus ball den Scéim bás i mbun seirbhíse agus maireann a bhean Louise slán. Seo a leanas a shonraí maidir le ríomh aisce bháis agus pinsin marthanóra:

- Rugadh: 31 Bealtaine 1965
- D'éag: 24 Márta 2021
- Seirbhís tráth báis: 12.6 bliain
- Tuarastal tráth báis: €76,033
- Aois phinsin caomhnaithe: 65
- Aicme ÁSPC: Aicme A

Tar éis bháis Phádraig, taispeánann an sampla thíos conas:

- pinsean an mharthanóra iníoctha lena bhaintreach Louise; agus
 - an aisce bháis is iníoctha lena ionadaí pearsanta dlíthiúil;
- a ríomh.



Pinsean marthanóra

Is é 65 aois phinsin chaomhnaithe Phádraig, agus, toisc go raibh sé ag obair go lánaimseartha, is é 9.1863 bliain a sheirbhís ionchasach tráth a bháis. Cuirtear é seo lena sheirbhís iarbhír de 12.6 bliana, chun méid iomlán seirbhíse de 21.7863 bliain a thabhairt.

Luach saothair inphinsin	€76,033
Pinsean Stáit (Ranníocach) amhail an 24 Márta 2021	€12,956
Luach saothair inphinsin coigeartaithe	€63,077
Pinsean barúlach an éagaigh bunaithe ar 21.7863 bliain seirbhíse (€63,077 x 21.7863 x 1/80)	€17,178
Pinsean céile/páirtneir sibhialta (€17,178 x 50%)	€8,589

Aisce bháis

Mar a shonraítear in roinn 26.3, tá an aisce bháis iníoctha i gcás ina bhfaigheann ball lánaimseartha amhail Pádraig bás i mbun seirbhíse cothrom leis an gceann is mó díobh seo a leanas:

- luach saothair inphinsin iarbhír an bhaill éagtha a fuarthas (féach ailt 22 agus 23 de Chiorclán 11/2012 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe); Nó
- méid na cnapshuime scoir a bheadh faighte ag an mball dá mbeadh sé/sí imithe ar scor ar fhorais dhrochshláinte ar dháta an bháis.

Ríomh (a)

I gcás Phádraig, tá (a) díreach os cionn €76,033.

Ríomh (b)

Chun (b) – an chnapshuim bharúlach um dhrochshláinte – a ríomh – ní mór ar dtús an líon blianta breise is iníoctha do Phádraig a fháil amach dá mbeadh sé imithe ar scor ar fhorais dhrochshláinte ar dháta a bháis (féach roinn 24.3). Ina chás féin, is é an ceann is fabhraí díobh seo a leanas a bheadh ann:

- an difríocht idir an tseirbhís iarbhír agus 20 bliain, faoi réir uasmhéid seirbhíse féideartha go dtí 65 bliana d'aois (arb ionann é agus 9.1863 bliain, , toisc go raibh sé ag obair go lánaimseartha),
 $= 20.0000 - 12.6000 = 7.4$ bliain
nó
- 6.6667 bliain, faoi réir seirbhíse féideartha go dtí 60 bliain d'aois, arb ionann é agus 4.1863 bliain

Ós rud é go bhfuil (i) níos fabhraí ná (ii), dá bhrí sin:

- is é 7.4 bliana breisiú na mblianta breise;
- is é 20 bliain an tseirbhís iomlán do dhámhachtain bharúlach drochshláinte [12.6 + 7.4]; agus
- is í an cnapshuim a bheadh iníoctha do Phádraig faoi ríomh (b) dá mbeadh sé scortha ar fhorais leighis ar dháta an bháis ná €57,025 (arna ríomh mar $€76,033 \times 20.0000 \times [3/80] = €57,025$).



Sa chás seo, tá (a) thuas, luach saothair inphinsin bliana amháin de €76,033, níos mó ná (b) thuas, €57,025, mar sin...

Aisce bháis chomhlán = €76,033

Ní mór measúnú a dhéanamh ansin ar asbhaint ón aisce bháis chomhlán maidir le ranníocaíochtaí Marthanóirí agus Leanaí neamhíoctha. **Ríomhtar an asbhaint neamh-thréimhsiúil seo ag ráta 1% den luach saothair inphinsin in aghaidh na bliana, bunaithe ar sheirbhís ionchasach go dtí 65 bliana d'aois.**

Asbhaint = €76,033 @ 1% in aghaidh na bliana do 9.1863 bliain = €6,985

Aisce bháis chomhlán = €69,048 (€76,033 – €6,985)

Mar a luadh thuas, ríomhadh an asbhaint ó aisce bháis Phádraig chun ranníocaíochtaí neamhíoctha Marthanóirí agus Leanaí a chlúdach ag ráta 1% den luach saothair inphinsin in aghaidh na bliana. Ardaíonn an ráta sin go 1.5% d'fhothacar de bhaill Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí; cuimsíonn an fothacar sin na daoine sin a roghnaigh, maidir le sochair mharthanóra agus leanaí, gan a bheith ina mbaill den Scéim Bhunaidh ach a chuaigh isteach sa Scéim Leasaithe.



IARRATAS AR SHOCHAIR AGUS ÍOC

28. Iarratas ar shochair (lena n-áirítear dearbhuithe)

28.1 Chun aon sochar pinsin faoi Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí a phróiseáil, ní mór foirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach chuig an Aonad Pinsean, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Co. na hIarmhí, N37 X659. Ba chóir gach roinn den fhoirm a chomhlánú, agus ba chóir sonraí aon seirbhís roimhe seo a chur isteach lena bhfíorú chun críocha pinsin.

28.2 Éilíonn an fhoirm iarratais go ndéanfaí roinnt dearbhuithe. Ba chóir do bhall a bhfuil aon phlean eile de phinsean príobháideach nó Ranníocaíocht Dheonach Breise (AVC) aige/aici a chinntiú go bhfuil sonraí na dteidlíochtaí pinsin sin san áireamh san fhoirm iarratais chomhlánaithe.

28.3 Is ceanglas reachtúil é an ceanglas na dearbhuithe seo a dhéanamh.

28.4 I measc na bhfoirmeacha iarratais ar leith eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach tá: RET.D1 Drochshláinte, RET.P1 Deonach/Éigeantach, RET1 CNER agus Caomhnaithe.



29. Pinsin a íoc

29.1 Faoin socrú reatha, íocann Rannóg Párolla na Roinne Oideachais na pinsin go léir a bhaineann le baill scortha de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí gach coicís i riaráiste. Déantar gach íocaíocht, lena n-áirítear íocaíocht na cnapshuime scoir, go díreach isteach i gcuntas bainc. Ar scor, ní mór sainordú pá nua a chomhlánú leis an gcuntas bainc ainmnithe toisc nach bhfuil cead ag fostóirí sonraí faoi chuntas bainc ball a aistriú.

29.2 Cuireann Córas Párolla na Foirne ar Scor áis ar fáil le haghaidh asbhaintí, amhail ranníocaíochtaí árachais sláinte, polasaithe árachais saoil agus Cáin Mhaoine Áitiúil. Ní mór duit dul i dteagmháil leis an soláthraí seirbhíse chun asbhaintí ó d'íocaíocht pinsin a shocrú. Más mian leat do cháin mhaoine áitiúil a bheith asbhainte ó d'íocaíochtaí pinsin, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'Oifig Ioncaim Áitiúil agus iad a chur ar an eolas faoi do mhianta.



FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA

30. Pinsean a laghdú

30.1 Má théann ball de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí ar scor ar phinsean, agus má athfhostaítear é/í ina dhiaidh sin sa tseirbhís phoiblí (cibé acu mar bhall de Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí nó nach ea), déantar an pinsean a mhaolú (i.e. a laghdú), nuair is gá, le linn na tréimhse fostaíochta ina dhiaidh sin. Tarlaíonn laghdú pinsin den sórt sin a mhéid is gá chun a áirithiú nach rachaidh méid an phinsin, mar aon le pá an bhaill i leith na tréimhse sin, thar **an luach saothair a gheobhadh an ball dá mbeadh**, le linn na tréimhse sin, sé/sí tar éis fanacht sa phost a bhí aige nó aici ar an lá deiridh de sheirbhís ináirithe.

Sampla 30(a)

30.2 Is Múinteoir Iar-Bhunscoile scortha é Pól atá tar éis fillleadh ar ais chun roinnt oibre ionaid a dhéanamh ina sheanscoil. Tá an 50 lá saor a deonaíodh dó trí tharscaoileadh an laghdaithe sáraithe aige (féach roinn 30.4). Is é €71,525 a thuarastal scoir (arna nuashonrú chun aon arduithe pá ó chuaigh sé ar scor) agus tá pinsean €34,868 á fháil aige. Is é ráta ionadaíochta Phóil faoi láthair ná €38,192 in aghaidh na bliana. Ríomhtar laghdú ar bhonn laethúil agus tá 167 lá sa scoilbhliain.

Laghdófar pinsean Phóil más rud é, (Tuarastal ar Fhilleadh) + (Pinsean) > (Tuarastal Scoir)

Seo a leanas rátaí laethúla Phóil:

- Tuarastal ar fhilleadh = €38,192/167 = €228.69
- Pinsean = €34,868/167 = €208.79
- Tuarastal scoir = €71,525/167 = €428.29

Mar sin, i gcás Phóil, (Tuarastal ar Fhilleadh) + (Pinsean) = €228.69 + €208.79 = €437.48.

Ós rud é go bhfuil sé seo níos mó ná Tuarastal Scoir laethúil Phóil faoi €9.19, laghdófar a pinsean coicíse de €9.19 in aghaidh gach lae a oibríonn sí sa choicís sin.

30.3 Tabhair do d'aire, le do thoil, agus aon laghdú féideartha pinsin á mheasúnú, gur cheart “an luach saothair a bheadh faighte ag an mball” i leith an phoist roimhe sin (an chéad phost) a choigeartú chun aon choigeartuithe pá a cuireadh i bhfeidhm ar an ráta luach saothair sin tar éis don bhall dul ar scor ar dtús a chur san áireamh.

Tarscaoileadh sealadach ar laghdú

30.4 Ar 29 Eanáir 2021 d'eisigh an Roinn Oideachais [Ciorclán Uimhir 0003/2021: Laghdú ar Phinsin na hEanála Poiblí a Tharscaoileadh faoi Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí \(Scéim Aonair agus Forálacha Eile\) 2012](#). Faoi théarmaí



an chiorcláin sin, agus d'fhonn deacrachtaí le soláthar múinteoirí a mhaolú, ceadáíodh tarscaoileadh teoranta ar laghdú pinsin ar feadh tréimhse trí bliana i leith múinteoirí ar scor a d'fhill ar seirbhís. Sa mhúinteoireacht iar-bhunscoile baineann an tarscaoileadh seo leis an gcéad 50 lá i mbliain féilire; ní bhaineann sé le haon phinsean forlíontach a dhámhtar faoin Scéim Pinsin. Nuair a sháraítear 50 lá na tréimhse tarscaoilte, bíonn laghdú pinsin i bhfeidhm ar bhonn laethúil ansin.



31. Impleachtaí na nAchtanna um an Dlí Teaghlaigh

Iontaobhaithe scéimeanna faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh

31.1 Má theastaíonn faisnéis ó bhall de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí chun críocha pinsin faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh, meastar an Roinn Oideachais a bheith ina nIontaobhaithe chun críocha na nAchtanna um an Dlí Teaghlaigh.

Faisnéis a Sholáthar faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh

31.2 Tá sé de dhualgas ar pháirtithe in imeachtaí faoi na hAchtanna um an Dlí Teaghlaigh 1995 (Idirscaradh Breithiúnach) nó 1996 (Colscaradh) nó faoin Acht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010 (Páirtnéireacht Sibhialta a dhíscaoileadh) faisnéis a áireamh faoina dteidlíochtaí aoisliúntais sa Mhionnscribhinn Acmhainne nach mór dóibh a thabhairt don chúirt. Soláthraíonn na hIontaobhaithe an fhaisnéis seo don **bhall**. Tabhair faoi deara na pointí seo a leanas le do thoil:

- (a) Ní mór gach iarratas ar fhaisnéis a dhéanamh i scríbhinn (tá ríomhphost inghlactha);
- (b) Ní mór a lua i ngach iarratas ar fhaisnéis go bhfuil an fhaisnéis ag teastáil maidir le himeachtaí an Dlí Teaghlaigh agus cén tAcht atá i gceist; agus
- (c) Tá céilí agus páirtnéirí sibhialta ball i dteideal eolas ginearálta a fháil faoi rialacha na scéime, ach ní féidir faisnéis a bhaineann go sonrach le baill a sholáthar ach amháin le toiliú i scríbhinn ón mball nó de bhun ordú cúirte.

Orduithe Coigeartaithe Pinsin (OCPanna)

31.3 Is éard atá in OCPanna ná orduithe arna ndeonú ag ordú cúirte a ordaíonn gur cheart cuid de shochair aoisliúntais an bhaill nó iad uile a íoc le céile nó iar-chéile nó páirtnéir sibhialta cláraithe nó iarpháirtnéir sibhialta cláraithe agus/nó leanaí cleithiúnacha. Ní dheonaítear orduithe den sórt sin ach amháin má dhéantar forógra idirscartha bhreithiúnaigh (faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995), colscaradh (faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996) nó díscaoileadh páirtnéireachta sibhialta (faoin Acht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010) fhaightear. Féadfaidh téarmaí OCP téarmaí Acht na bPinsin 1990 agus rialacha aon scéime aoisliúntais dá dtagraíonn sé a shárú a mhéid is gá chun íocaíocht a fháil faoin ordú.

OCPanna a chur i bhfeidhm

31.4 Ní dhéanfaidh cúirteanna OCPanna mura bhfaca na hIontaobhaithe na dréacht-orduithe agus go bhfuil siad fíoraithe go bhfuil siad in ann iad a chur i bhfeidhm. Is minic, mar sin, a bhíonn iontaobhaithe páirteach i gcomhfhreagras faoi éifeachtaí agus torthaí na ndréacht-orduithe a chuirtear faoina mbráid. Nuair a dhéantar orduithe, tá dualgas ar na hIontaobhaithe, faoin dlí, faisnéis áirithe a thabhairt do na tairbhíthe faoi éifeacht na n-orduithe. Tá sé de dhualgas orthu freisin na horduithe a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn íocaíocht le déanamh. Tá spriocdhátaí sna hAchtanna chun faisnéis áirithe a sholáthar, íocaíochtaí a dhéanamh i gcúinsí áirithe, etc.

Tuilleadh eolais ar OCPanna



31.5 Tá tuilleadh faisnéise ar OCPanna le fáil sna [Treoirlínte um an Dlí Teaghlaigh](#) arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (eagrán dar dáta 2 Feabhra 2021). Tá sé mar aidhm ag an doiciméad Treoirlínte sin cabhrú le hiontaobhaithe scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí maidir le riarachán agus cur i bhfeidhm OCPanna maidir le sochair atá iníoctha faoina scéimeanna. Níl sé i gceist, áfach, gur léirmhíniú dlíthiúil a bheadh ann ar an reachtaíocht agus ba chóir é a léamh in éineacht leis an reachtaíocht ábhartha agus Nótaí Treorach an Údaráis Pinsean. Má bhíonn amhras ar iontaobhaithe maidir le feidhmiú OCP, ba chóir comhairle dlí a lorg.

Cúirteanna agus OCPanna

31.6 Is iad cúirteanna a dhéanann OCPanna. Is í an chúirt an t-eadránaí deiridh i gcás díospóide faoi OCP.



32. Réiteach díospóidí agus achomhairc

32.1 Ba cheart do mhúinteoirí ar seirbhís nó do mhúinteoirí ar scor atá ina mbaill de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí agus a bhfuil gearán acu faoi cheist pinsin é a ardú lena bhfostóir. Mura réitítear an gearán tríd an bPróiseas seo féadfaidh an té atá ag déanamh an ghearáin nó duine a ghníomhaíonn ar a s(h)on iarratas a dhéanamh chuig an Aire Oideachais ar chinneadh maidir le gearán nó díospóid tríd an bPróiseas Réitigh Inmheánach Aighneas (Achomharc).

Próiseas achomharc

32.2 Ba chóir iarratas a bheith i scríbhinn, sínithe ag an tairbhí iarbhír nó thar ceann an tairbhí iarbhír nó thar ceann an tairbhí ionchasaigh agus bíodh na sonraí seo a leanas ann:

- ainm iomlán, seoladh agus dáta breithe an tairbhí iarbhír nó an tairbhí ionchasaigh;
- an seoladh a úsáidfear chun doiciméid a sheirbheáil i dtaca leis an iarratas;
- ráiteas maidir le nádúr an ghearáin nó na díospóide le sonraí leordhóthanacha chun a thaispeáint cén fáth arb éagóir leis an tairbhí iarbhír nó leis an tairbhí ionchasach;
- cén fáth a bhfuil éagóir déanta ar an tairbhí iarbhír nó ar an tairbhí ionchasach;
- cibé faisnéis eile a theastóidh go réasúnta ón Aire Oideachais.

Scála ama le haghaidh achomharc áirithe

32.3 Féadfaidh an ball achomhairc a dhéanamh go díreach faoi:

- Cuid VII (Cóir Chomhionann d'Fhear agus do Mhná i Scéimeanna Sochair Ceirde) d'Acht na bPinsean 1990;
- an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001; nó
- an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003.

32.4 Leagann na hAchtanna seo amach teorainneacha ama dochta maidir le hachomharc a dhéanamh. Is iad na teorainneacha:

- i gcás Chuid VII d'Acht na bPinsean, 6 mhí nó 12 mhí ó dháta foirceannta na fostaíochta; agus
- i gcás an dá Acht eile, 6 nó 12 mhí ó dháta an tsáraithe líomhnaithe lena mbaineann an t-achomharc, nó ó dháta foirceanta na fostaíochta, cibé acu is luaithe.

Cinneadh

32.5 Tar éis don Aire Oideachais an t-achomharc a bhreithniú, agus roimh an gCinneadh a thabhairt chun críche, roinnfidh sé/sí leis an ngearánach an t-ábhar a mbeidh an Cinneadh ag brath air. Beidh deich lá oibre/dhá sheachtain ag an ngearánach ansin chun freagra a thabhairt ar an bhfianaise chomhroinnte seo. Tar éis don tréimhse seo a bheith caite, tabharfaidh an tAire fógra i scríbhinn don



ghearánach faoin gcinneadh a bheidh (lena n-áirítear an tréimhse roinnte) laistigh de 3 mhí ón dáta a gheofar na sonraí go léir atá sonraithe i roinn 32.2 thuas.

32.6 Áireofar i gcinneadh an Aire Oideachais:

- (a) ráiteas ar an gcinneadh;
- (b) tagairt d'aon reachtaíocht (seachas an scéim pinsin), fasach dlíthiúil, rialú an Údaráis Pinsean, rialú nó cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim nó ábhar eile ar a rabhthas ag brath agus an cinneadh á dhéanamh;
- (c) tagairt d'fhorálacha na scéime pinsin a rabhthas ag brath orthu agus an cinneadh á dhéanamh agus, i gcás ina mbeidh rogha á feidhmiú, tagairt d'fhorálacha na scéime pinsin trína dtugtar an rogha sin;
- (d) ráiteas nach bhfuil an cinneadh ina cheangal ar aon duine mura rud é, ar an gcinneadh a dhéanamh nó dá éis, go n-aontaíonn an duine, i scríbhinn, a bheith faoi cheangal aige; agus
- (e) ráiteas gur chóir don iarratasóir a shuíomh an bhfuil nó nach bhfuil an gearán nó an díospóid ina ghearán a bhfuil dlínse ag an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsin ina leith imscrúdú a dhéanamh faoi alt 131 d'Acht na bPinsean 1990 agus gur féidir tuilleadh faisnéise a fháil i leabhrán faisnéise atá ar fáil ó Oifig an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean, Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2, D02 VH29, Teileafón (01) 5677000 nó www.fspo.ie

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean

32.7 Sa chás nach réitítear an gearán, seachas éileamh faoi Chuid VII d'Acht na bPinsean (Comhionannas), an tAcht um Obair Pháirtaimseartha nó an tAcht um Obair Téarma Sheasta faoin Nós Imeachta Achomharc (Réiteach Inmheánach Aighnis) a leagtar amach thuas, féadfaidh an gearánach a bheith i dteideal gearán a dhéanamh leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean. Imscrúdaíonn an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsin gearáin faoi chailteanas airgeadais de bharr gníomhartha drochriaracháin maidir le pinsin ghairme agus CCSPanna, agus díospóidí áirithe fíricí nó dlí maidir le gníomhartha a rinneadh.

Ní féidir le cinneadh ón Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean na nithe seo a leanas a éileamh:

- (i) athrú ar rialacha na scéime; nó
- (ii) cinneadh an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean a chur in ionad na gcásanna ina bhfuil cumhacht lánroghnach curthe i bhfeidhm ag na hlontaobhaithe.

Teorainneacha Ama maidir le Gearáin chuig an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean

32.8 Is iad na teorainneacha ama chun gearáin den sórt sin a dhéanamh:

- (a) 6 bliana ó dháta an ghnímh as a dtáinig an gearán nó an díospóid; nó
- (b) 3 bliana ó tháinig an gearánach ar an eolas nó ba chóir go mbeadh sé/sí ar an eolas faoin ngníomh ba chúis leis an ngearán nó leis an díospóid.

Tá cosc iomlán ar aon ghearánaí dul siar níos faide ná 13 Aibreán 1996.



32.9 Ach amháin i gcásanna eisceachtúla, ní féidir leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsin imscrúdú a dhéanamh ar ghearán go dtí go meastar go bhfuil nósanna imeachta inmheánacha um réiteach díospóidí (IDR) ídithe. Maidir le scéimeanna na hearnála poiblí, úsáidtear na forálacha reachtúla atá ann faoi láthair d'achomhairc Aire, ach ar an mbonn **nach** bhfuil cinneadh an Aire Oideachais críochnaitheach toisc go bhféadfaí achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Aire chuig an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsin.



33. Coigeartuithe pinsin

33.1 Ceadaítear méaduithe ar phinsin seirbhíse poiblí de rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Rialacháin arna ndéanamh faoi alt 29 d’Acht na bPinsean (Meadú) 1964. Tá laghduithe ar phinsin tar éis tarlú freisin, féach roinn 33.3 thíos.

33.2 Go praiticiúil, tá arduithe pá ginearálta ó 1984 curtha ar aghaidh chuig pinsinéirí seirbhíse poiblí ar an mbonn céanna leis an bhfoireann ar seirbhís. Tá an polasaí seo, ar a dtugtar “paireacht pá” uaireanta, faoi réir na heisceachta tábhachtaí seo a leanas:

- i gcás inarb ionann ardú pá agus ciorrú pá a fhreaschur nó a fhreaschur i bpáirt; agus
- i gcás ina bhfanann an leibhéal pá tar éis ardú pá den sórt sin níos ísle ná an ráta pá is bun leis an bpinsean,

ansin ní mhéadaítear an pinsean.

33.3 Faoin reachtaíocht um éigeandáil airgeadais (“FEMPI”), cuireadh ciorruithe ginearálta pá ar fud na seirbhíse poiblí in 2010 (leibhéal pá ar fad i gceist) agus in 2013 (leibhéal pá os cionn €65,000 in aghaidh na bliana i gceist). Faoin reachtaíocht chéanna, forchuireadh ciorruithe airgeadaíochta freisin ar phinsin seirbhíse poiblí os cionn luachanna áirithe; tharla sé seo in 2011 (tionchar ar phinsin bhliantúla os cionn €12,000), agus arís in 2013 (tionchar ar phinsin bhliantúla os cionn €32,500). Cuireadh deireadh de réir a chéile leis na ciorruithe pinsin seo, a cuireadh i bhfeidhm trí “Laghdú Pinsean na Seirbhíse Poiblí (PSPR)” sna blianta ina dhiaidh sin.

33.4 Deimhníodh an beartas um paireacht pá i dtaca le harduithe pinsin dá dtagraítear i roinn 33.2 thuas go dtí deireadh 2020 i *gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020* (mír 6.2). Leathnaíodh an Comhaontú sin go dtí deireadh 2022 trí *Móiminteam a Thógáil - Comhaontú nua seirbhíse poiblí, 2021-2022* (míreanna 3.1.1 agus 3.1.2). Tugtar níos mó sonraí faoin mbeartas um ardú pinsin i [gCiorclán 19/2019 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Treoir bhreise ar an mbeartas um ardú pinsin sa tseirbhís poiblí go dtí deireadh 2020](#).

33.5 Tá cumhacht ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 rialacháin a dhéanamh chun méaduithe pinsin na seirbhíse poiblí a nascadh leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí (CPI), ar bhealach atá cosúil leis an gcleachtas i Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Theastóidh faomhadh ó dhá Theach an Oireachtais d’fheidhmiú na cumhachta seo ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



34. Faoiseamh cánach ar ranníocaíochtaí aoisliúntais

34.1 Baineann uasmhéid na ranníocaíochtaí pinsin in aon bhliain amháin a bhfuil duine i dteideal faoisimh chánach ina leith le haois agus cuirtear in iúl é mar chéatadán den ioncam comhlán mar a leanas (rátaí reatha amhail Meitheamh 2022):

An aois is airde i mbliain na ranníocaíochta pinsin	% den ioncam comhlán a bhfuil faoiseamh cánach ar fáil ina leith le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin
Faoi 30 bliain	15%
30 go 39 bliain	20%
40 go 49 bliain	25%
50 go 54 bliain	30%
55 go 59 bliain	35%
60 bliain agus níos sine	40%

Tá an faoiseamh cánach seo faoi réir teorann tuillimh freisin. Is é an t-uasmhéid tuillimh a chuirtear san áireamh chun faoiseamh cánach ar ranníocaíochtaí pinsin a ríomh ná €115,000 in aghaidh na bliana.

34.2 Tugtar faoiseamh cánach do ranníocaíochtaí ceannaigh tréimhsiúla ag an bhfoinse tríd an bpárolla, ag ráta imeallach cánach ioncaim bhall na Scéime Pinsean. Don rogha ceannaigh trí chnapshuim, áfach, caithfidh an ball lena mbaineann an faoiseamh cánach a éileamh go díreach ar na Coimisinéirí Ioncaim. Toisc go gclúdaíonn na teorainneacha faoisimh chánach gach ranníocaíocht aoisliúntais a d'íoc ball (lena n-áirítear ranníocaíochtaí faoin Scéim Marthanóirí agus Leanaí), b'fhéidir nach mbeadh ranníocaíochtaí ceannaigh tréimhsiúla nó cnapshuime an-mhór i dteideal faoisimh iomlán chun críocha cánach sa bhliain ina ndéantar na ranníocaíochtaí. Go háirithe ba chóir do bhaill postroinnte agus páirtaimseartha de Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí a thabhairt faoi deara, cé go ndéantar ranníocaíochtaí ceannaigh a thobhach ar an ráta pá bliantúil lánaimseartha, go bhfuil an faoiseamh cánach bunaithe ar phá iarbhír ball i mbliain ar leith – i.e. an ráta laghdaithe tuarastail agus liúntais inphinsin.

34.3 Moltar do bhaill atá ag smaoineamh ar sheirbhís a cheannach, go háirithe má tá an rogha ceannaigh ag am scoir nó an-ghar don am scoir, sula dtosóidh siad ar rogha ceannaigh an staid faoisimh chánach a shoiléiriú lena nOifig Cánach áitiúil féin má tá aon cheist acu ina leith sin, nó teagmháil a dhéanamh le www.revenue.ie.



35. Cánachas

35.1 Forálann alt 14(1)(e) den Acht Airgeadais 2006, maidir le duine le sochair scoir (ó fhoinsé ar bith, lena n-áirítear gach scéim aoisliúntais de chuid na hearnála poiblí, ach gan sochair chosanta sóisialta a áireamh) ag a bhfuil luach caipitil comhiomlán ar tharraingt anuas atá thar tairseach shonraithe chaighdeánach ciste (SFT), go bhfuil an duine sin faoi dhliteanas cánach ar na méideanna os cionn na tairsí sin. Tá an tairseach seo, nach mbaineann ach le sochair iníoctha den chéad uair ar 7 Nollaig 2005 nó ina dhiaidh, socraithe ag €2 mhilliún faoi láthair, tar éis leasuithe breise a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais 2012 agus leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2013. Má sháraítear tairseach ciste chaighdeánaigh, nó aon tairseach ciste pearsanta níos airde (TCP) a fhaigheann duine ó na Coimisinéirí Ioncaim, bíonn muirear cánach ioncaim roimh ré de 40% ar an mbarrachas inmhuirir. Le haghaidh tuilleadh sonraí féach [Litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Pearsanra an 27 Meitheamh 2014](#).

35.2 **Nóta Tábhachtach:** Is cuid de na foirmeacha iarratais ar scor í an fhoirm dhearbhaithe ábhartha. Ní féidir aon sochair a cheadú go dtí go mbeidh na foirmeacha comhlánaithe riachtanacha faighte ag riarthóirí na Scéime.

Maidir le pinsean fabhraithe tar éis 1 Eanáir 2014, soláthraíonn na fachtóirí sochair shainithe i dtábla na gCoimisinéirí Ioncaim thíos an téarma “deachúil” aoischoibhneasa a úsáidtear chun aon nochtadh cánach “barrachais inmhuirir” a ríomh, den chineál a bhfuil cur síos air díreach thuas.

Fachtóirí Sochair Shainithe			
Aois	Fachtóir	Aois	Fachtóir
50 & faoina bhun	37	61	29
51, 52	36	62	28
53	35	63,64	27
54	34	65	26
55, 56	33	66	25
57	32	67,68	24
58	31	69	23
59, 60	30	70+	22

Tá fachtóir 20 i bhfeidhm maidir le pinsean fabhraithe suas go dtí 1 Eanáir 2014.

Sampla 35(a)

35.3 Téann múinteoir iar-bhunscoile ar scor ar 31 Lúnasa 2021 in aois a 65 ar phinsean €35,000 agus cnapshuim de €90,000. Is í an tseirbhís inphinsin ag am scoir ná 37.6658 bliain. Tá polasaí AVC freisin ag an múinteoir atá ag dul ar scor, a bhfuil luach ciste de €200,000 aige tráth na tarraingthe anuas.

Agus an dliteanas cánach á ríomh, ríomhtar luach caipitil na sochar sainithe ar dtús tríd an bhfoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm:



[Méideanna pinsin a fabhraíodh go dtí 01/01/2014 x **deachúil** (20)] + [Méideanna pinsin a fabhraíodh tar éis 01/01/2014 x **deachúil** (a bhaineann le haois)] + luach aon chnapshuime a fuarthas

Méid an tSochair	Deachúil	Méid
Pinsean ó Scéim Pinsin na Mhúinteoirí €35,000 x (30/37.6658) (cion an phinsin a fabhraíodh suas go dtí an 1 Eanáir 2014)	20	€557,535
Pinsean ó Scéim Pinsin ó Mhúinteoirí €35,000 x (7.6658/37.6658) (céatadán an phinsin a fabhraíodh ón 1 Eanáir 2014 go dtí an scor)	26	€185,205
Cnapshuim ó Scéim na Múinteoirí	N / A	€90,000
Luach an Chiste AVC tráth na tarraingthe anuas	N / A	€200,000

Luach caipitil na sochar:
€1,032,740

Ós rud é go bhfuil luach caipitil na sochar sainithe níos lú ná an tairseach €2 mhilliún, ní thagann barrachas inmhuirir chun cinn agus níl aon cháin eile dlite.

Cáin ar chnapshuimeanna scoir áirithe

35.4 Le héifeacht ón 1 Eanáir 2011, beidh luach comhcheangailte cnapshuimeanna duine ó Scéimeanna Pinsin ceadaithe (lena n-áirítear scéimeanna pinsin cheirde le sochar sainithe/ranníocaíocht shainithe, conarthaí blianachta scoir, CCSPanna agus socruithe Ranníocaíochta Deonaí Breise (AVC)) faoi réir cánach nuair a sháraíonn an luach comhcheangailte sin tairseach €200,000. Faoi théarmaí Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí, tá teorainn chnapshuime scoir de 1.5 oiread pá scoir. Mar sin, mura bhfuil pinsean príobháideach nó polasaí AVC i bhfeidhm, ní dócha go ngearrfar cáin ar mhúinteoirí ar a gcnapshuim scoir. Mar sin féin, má sháraítear an tairseach thuasluaite, beidh cáin i bhfeidhm os cionn an phointe sin.

Ríomhtar an cháin atá dlite ar chnapshuimeanna scoir mar seo a leanas:

Rátaí cánachais cnapshuime scoir	
Méid na cnapshuime	Ráta cánach ioncaim
Suas le €200,000	0%
€200,001 – €500,000*	20%
Níos mó ná €500,000	Tá ÍMAT agus MSU i bhfeidhm

* Tá an uasteorainn de €500,000 sa bhanda seo den tábla bunaithe ar 25% de thairseach an chiste chaighdeánaigh (SFT). Socraíodh an SFT, arb é an ciste pinsin uasta cáinfhaoisimh is infheidhme go ginearálta do dhuine aonair, ag €2 mhilliún in 2014 agus leanann an tsuim sin de bheith i bhfeidhm (mar atá Meitheamh 2022). Is é an ráta cánach 20% ar an mbanda seo an ráta caighdeánach cánach ioncaim ag an am a íoctar an chnapshuim. (Foinse: Lámhleabhar Pinsean na gCoimisinéirí Ioncaim, Caibidil 27 ["athbhreithnithe go deireanach Meán Fómhair 2021"], ailt 3 agus 5.)



36. Caibidil 4 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012

36.1 Déileálann Caibidil 4 (ailt 49-54) de Chuid 2 den Acht um Scéim Pinsean na Seirbhíse Poiblí agus Forálacha Eile 2012 le **“Forálacha is Infheidhme maidir le gach Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí”**. Tháinig sé i bhfeidhm go hiomlán le héifeacht ón 1 Samhain 2012.

36.2 Tugann Caibidil 4 den Acht roinnt forálacha le chéile i réimse amháin den reachtaíocht phríomha, lena n-áirítear:

- teorainn 40 bliain ar sheirbhís inphinsin iomlán thar bhallaíocht i scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin nó níos mó **“atá ann cheana”**;
- raon feidhme an laghdaithe pinsin a leathnú; agus
- forálacha atá deartha chun tacú le riarachán éifeachtúil pinsin.

36.3 Is iad scéimeanna **“atá ann cheana”** na scéimeanna pinsin lena mbaineann seirbhísigh phoiblí a earcaíodh roimh 2013; áirítear leis an sainmhíniú Scéim Pinsin na Múinteoirí Meánscoile, Pobalscoile agus Scoile Cuimsithí ach ní áirítear Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

36.4 Is féidir achoimre a dhéanamh ar na hailt ábhartha i gCaibidil 4 den Acht mar seo a leanas:

- **Alt 49 (Dualgas faisnéis etc. a thabhairt)**
Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ag ball ar phinsean nó ag fáil pinsin, tá dualgas ann faisnéis a thabhairt atá riachtanach chun an scéim a oibriú i gceart.
- **Alt 50 (An Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a úsáid)**
Toisc gur aitheantóir uathúil é seo, cuirtear ar gach doiciméad pinsin é agus cuirtear ar fáil don Phárolla é freisin. Ligeann an t-alt seo an UPSP a roinnt le comhlachtaí poiblí eile chun críocha riartha pinsean.
- **Alt 51 (Dualgas dearbhuithe a dhéanamh, etc.)**
Tá dualgas ar dhuine atá ag dul i mbun fostaíochta sonraí a thabhairt faoi aon teidlíocht ar aon sochar caomhnaithe agus fógra a thabhairt don fhostóir má tá sé nó sí ag fáil aon sochar scoir. Cuireann an tAcht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas 2019 bonn breise leis an riachtanas seo.
- **Alt 52 (Seirbhís inphinsin a laghdú agus a áireamh)**
 - Le h-alt 52 leathnaítear an raon feidhme chun pinsean seirbhíse poiblí a laghdú i gcás ina bhfilleann an seirbhíseach poiblí scortha a bhfuil an pinsean iníoctha leo ag obair sa tseirbhís phoiblí. Faoi réir sonraí pá agus pinsin gach cáis, is féidir le laghdú dá leithéid tarlú anois is cuma cén réimse ar leith den tseirbhís phoiblí ina bhfilleann an pinsinéir ar obair. Taispeántar oibriú laghdú pinsin ag Sampla 30(a) i roinn 30.2 den Lámhleabhar seo.



- Forchuireann Alt 52 freisin **teorainn fhoriomlán (uasmhéid) ar sheirbhís ináirithe iomlán** thar bhallaíocht scéim phinsin seirbhíse poiblí “réamh - reatha” amháin nó níos mó chun sochair scoir a ríomh. Is ionann an teorainn seirbhíse seo agus **40 bliain** nó (más airde) an méid seirbhíse a fabhraíodh amhail an 27 Iúil 2012. Tá tuilleadh sonraí faoin teorainn seirbhíse 40 bliain tugtha i [gCiorclán 13/2020 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Treoir maidir le cur i bhfeidhm an Teorainn Sochair Pinsean faoi alt 52\(6\) agus \(7\) den Acht um Pinsín na Seirbhíse Poiblí \(Scéim Aonair agus Forálacha Eile\), 2012.](#)
- **Alt 53 (Scor nó laghdú sochar)**
I gcás ina ndífhostaítear ball Scéime agus go bhfuil caillteanas airgeadais gaolmhar ann don chomhlacht seirbhíse poiblí atá ag fostú, forálann alt 53 do shochair scoir a dhiúltú (go hiomlán nó go páirteach), lena n-áirítear sochair chaomhnaithe, chun an caillteanas seo a fhorchúiteamh.
- **Alt 54 (Teideal marthanóra chun pinsin)**
Cuireann Alt 54 teorainn le híocaíocht Phinsin Marthanóra faoin Scéim le ball amháin nach maireann. Mar sin féin, má thagann cás chun cinn ina raibh ball nach maireann i dteideal níos mó ná pinsean seirbhíse poiblí amháin a fháil, féadfaidh an céile/páirtneir sibhialta marthanach níos mó ná pinsean marthanóra amháin a fháil.



AGUISÍNÍ

Aguisín 1: Seirbhís Bharúlach a Cheannach – táblaí na ranníocaíochtaí iníoctha

Tábla 1 : Ceannach trí chnapshuim – go dtí 65 bliana d'aois – ball M&L

Is é an tábla seo Tábla 11 i Sceideal 1 de I.R. Uimh. 435 de 2009.

Aois ar an gcéad bhreithlá eile	Comhtháite (ÁSPC Aicme A)	Modhnaithe (ÁSPC Aicme D)
	% den tuarastal comhlán	% den tuarastal comhlán
26	27.5	33.6
27	28.0	34.3
28	28.4	34.8
29	28.8	35.4
30	29.2	35.9
31	29.5	36.3
32	29.8	36.7
33	30.0	37.0
34	30.1	37.3
35	30.2	37.6
36	30.3	37.8
37	30.2	37.9
38	30.2	38.0
39	30.0	38.0
40	29.8	38.0
41	29.6	37.9
42	29.3	37.7
43	28.9	37.6
44	28.5	37.3
45	28.0	37.0
46	27.5	36.7
47	26.9	36.3
48	26.3	35.9
49	25.6	35.4
50	24.9	34.9
51	24.1	34.3
52	23.3	33.7
53	22.5	33.1
54	21.9	32.5
55	22.2	31.8
56	22.4	31.1
57	22.6	30.4
58	22.8	29.7
59	23.1	29.1
60	23.3	28.5
61	23.3	27.9
62	22.9	27.3
63	23.0	26.8



64	23.4	26.3
65	23.7	25.8

Tábla 2 : Ceannach trí chnapshuim – go dtí 65 bliana d’aois – neamhbhall M&L

Is é an tábla seo Tábla 12 i Sceideal 1 de I.R. Uimh. 435 de 2009.

Aois ar an gcéad bhreithlá eile	Comhtháite (ÁSPC Aicme A)	Modhnaithe (ÁSPC Aicme D)
	% den tuarastal comhlán	% den tuarastal comhlán
26	24.3	30.0
27	24.8	30.6
28	25.2	31.1
29	25.5	31.6
30	25.9	32.0
31	26.1	32.5
32	26.4	32.8
33	26.6	33.1
34	26.7	33.4
35	26.8	33.6
36	26.8	33.8
37	26.8	33.9
38	26.8	34.0
39	26.6	34.1
40	26.5	34.0
41	26.3	34.0
42	26.0	33.9
43	25.7	33.7
44	25.3	33.5
45	24.9	33.3
46	24.4	33.0
47	23.9	32.6
48	23.3	32.3
49	22.7	31.9
50	22.1	31.4
51	21.4	30.9
52	20.7	30.4
53	20.0	29.9
54	19.7	29.3
55	19.9	28.7
56	20.1	28.1
57	20.3	27.6
58	20.6	27.0
59	20.8	26.5
60	21.1	25.9
61	21.1	25.4



62	20.8	25.0
63	21.0	24.5
64	21.4	24.1
65	21.7	23.7

Tábla 3 : Ceannach trí chnapshuim – go dtí 60 bliana d’aois – ball M&L

Is é an tábla seo Tábla 13 i Sceideal 1 de I.R. Uimh. 435 de 2009.

Aois ar an gcéad bhreithlá eile	Comhtháite (ÁSPC Aicme A)	Modhnaithe (ÁSPC Aicme D)
	% den tuarastal comhlán	% den tuarastal comhlán
21	31.5	38.8
22	32.1	39.5
23	32.6	40.2
24	33.1	40.8
25	33.5	41.4
26	33.8	41.9
27	34.1	42.4
28	34.4	42.8
29	34.5	43.1
30	34.7	43.4
31	34.7	43.6
32	34.7	43.8
33	34.6	43.9
34	34.4	43.9
35	34.2	43.8
36	33.9	43.7
37	33.5	43.6
38	33.1	43.4
39	32.6	43.1
40	32.1	42.7
41	31.4	42.3
42	30.8	41.9
43	30.0	41.4
44	29.2	40.8
45	28.4	40.2
46	27.5	39.5
47	26.6	38.8
48	25.6	38.1
49	25.1	37.3
50	25.3	36.5
51	25.6	35.7
52	25.8	34.9
53	26.0	34.1
54	26.3	33.3



55	26.6	32.6
56	26.5	31.9
57	26.0	31.2
58	25.6	30.5
59	26.2	29.9
60	26.8	29.2

Tábla 4 : Ceannach trí chnapshuim – go dtí 60 bliain d’aois – neamhbhall M&L

Is é an tábla seo Tábla 14 i Sceideal 1 de I.R. Uimh. 435 de 2009.

Aois ar an gcéad bhreithlá eile	Comhtháite (ÁSPC Aicme A)	Modhnaithe (ÁSPC Aicme D)
	% den tuarastal comhlán	% den tuarastal comhlán
21	28.5	35.4
22	29.0	36.0
23	29.5	36.7
24	29.9	37.3
25	30.3	37.8
26	30.7	38.3
27	30.9	38.7
28	31.1	39.1
29	31.3	39.4
30	31.4	39.7
31	31.4	39.9
32	31.4	40.0
33	31.3	40.1
34	31.2	40.1
35	31.0	40.1
36	30.7	40.0
37	30.4	39.9
38	30.0	39.7
39	29.5	39.4
40	29.0	39.1
41	28.5	38.8
42	27.9	38.4
43	27.2	37.9
44	26.5	37.4
45	25.7	36.9
46	24.9	36.3
47	24.0	35.7
48	23.1	35.0
49	22.9	34.3
50	23.1	33.6
51	23.4	32.8
52	23.6	32.1



53	23.8	31.4
54	24.1	30.7
55	24.4	30.1
56	24.3	29.4
57	23.9	28.8
58	23.6	28.2
59	24.2	27.7
60	24.8	27.1



Tábla 5 : Ceannach trí íocaíocht thréimhsiúil – go dtí 65 bliana d’aois – ball M&L

Is é an tábla seo Tábla 15 i Sceideal 1 de I.R. Uimh. 435 de 2009.

Aois ar an gcéad bhreithlá eile	Comhtháite (ÁSPC Aicme A)		Modhnaithe (ÁSPC Aicme D)
	% den tuarastal glan	% den tuarastal comhlán	% den tuarastal comhlán
26	0.68	0.09	0.65
27	0.70	0.09	0.67
28	0.73	0.10	0.70
29	0.75	0.10	0.72
30	0.77	0.10	0.74
31	0.80	0.11	0.76
32	0.82	0.11	0.79
33	0.84	0.11	0.81
34	0.87	0.12	0.83
35	0.89	0.12	0.86
36	0.91	0.12	0.88
37	0.93	0.13	0.91
38	0.96	0.13	0.93
39	0.98	0.14	0.96
40	1.00	0.14	0.99
41	1.03	0.14	1.02
42	1.05	0.15	1.05
43	1.07	0.15	1.09
44	1.10	0.16	1.13
45	1.13	0.17	1.17
46	1.16	0.17	1.22
47	1.23	0.18	1.30
48	1.30	0.20	1.38
49	1.39	0.21	1.48
50	1.49	0.22	1.58
51	1.60	0.24	1.71
52	1.72	0.26	1.85
53	1.87	0.29	2.01
54	2.05	0.31	2.21
55	2.26	0.35	2.44
56	2.52	0.39	2.73
57	2.84	0.44	3.09
58	3.25	0.51	3.55
59	3.80	0.60	4.17
60	4.57	0.72	5.03
61	5.72	0.91	6.32
62	7.64	1.22	8.48
63	11.48	1.85	12.80



Tábla 6 : Ceannach trí íocaíocht thréimhsiúil – go dtí 65 bliana d'aois – neamhbhall M&L

Is é an tábla seo Tábla 16 i Sceideal 1 de I.R. Uimh. 435 de 2009.

Aois ar an gcéad bhreithlá eile	Comhtháite (ÁSPC Aicme A)		Modhnaithe (ÁSPC Aicme D)
	% den tuarastal glan	% den tuarastal comhlán	% den tuarastal comhlán
26	0.58	0.09	0.58
27	0.60	0.09	0.60
28	0.62	0.10	0.62
29	0.64	0.10	0.64
30	0.66	0.10	0.66
31	0.69	0.11	0.68
32	0.70	0.11	0.70
33	0.72	0.11	0.72
34	0.74	0.12	0.74
35	0.76	0.12	0.76
36	0.78	0.12	0.79
37	0.79	0.13	0.81
38	0.81	0.13	0.83
39	0.84	0.14	0.86
40	0.85	0.14	0.88
41	0.87	0.14	0.91
42	0.89	0.15	0.94
43	0.91	0.15	0.97
44	0.93	0.16	1.01
45	0.96	0.17	1.05
46	0.98	0.17	1.09
47	1.04	0.18	1.16
48	1.10	0.20	1.23
49	1.18	0.21	1.32
50	1.26	0.22	1.42
51	1.35	0.24	1.53
52	1.46	0.26	1.66
53	1.59	0.29	1.81
54	1.74	0.31	1.99
55	1.93	0.35	2.20
56	2.15	0.39	2.46
57	2.43	0.44	2.79
58	2.79	0.51	3.21
59	3.26	0.60	3.78
60	3.93	0.72	4.57
61	4.94	0.91	5.76
62	6.62	1.22	7.74
63	9.97	1.85	11.71



Tábla 7 : Ceannach trí íocaíocht thréimhsiúil – go dtí 60 bliain d’aois – ball M&L

Is é an tábla seo Tábla 17 i Sceideal 1 d'IR Uimh. 435 de 2009.

Aois ar an gcéad bhreithlá eile	Comhtháite (ÁSPC Aicme A)		Modhnaithe (ÁSPC Aicme D)
	% den tuarastal glan	% den tuarastal comhlán	% den tuarastal comhlán
21	0.78	0.09	0.74
22	0.81	0.10	0.77
23	0.84	0.10	0.79
24	0.87	0.11	0.82
25	0.90	0.11	0.85
26	0.93	0.11	0.88
27	0.95	0.11	0.90
28	0.98	0.12	0.93
29	1.01	0.12	0.96
30	1.03	0.12	0.98
31	1.06	0.13	1.01
32	1.09	0.13	1.04
33	1.11	0.14	1.07
34	1.13	0.14	1.10
35	1.16	0.14	1.13
36	1.19	0.15	1.17
37	1.22	0.15	1.21
38	1.24	0.16	1.24
39	1.27	0.17	1.29
40	1.30	0.17	1.34
41	1.33	0.18	1.39
42	1.41	0.19	1.48
43	1.50	0.20	1.57
44	1.60	0.21	1.68
45	1.71	0.23	1.80
46	1.84	0.25	1.94
47	1.98	0.27	2.10
48	2.16	0.29	2.29
49	2.36	0.32	2.51
50	2.60	0.35	2.78
51	2.90	0.39	3.11
52	3.27	0.45	3.51
53	3.74	0.51	4.04
54	4.37	0.60	4.74
55	5.26	0.73	5.71
56	6.59	0.92	7.18
57	8.80	1.23	9.63
58	13.22	1.86	14.52



Tábla 8 : Ceannach trí íocaíocht thréimhsiúil – go dtí 60 bliain d'aois – neamhbhall M&L

Is é an tábla seo Tábla 18 i Sceideal 1 de I.R. Uimh. 435 de 2009.

Aois ar an gcéad bhreithlá eile	Comhtháite (ÁSPC Aicme A)		Modhnaithe (ÁSPC Aicme D)
	% den tuarastal glan	% den tuarastal comhlán	% den tuarastal comhlán
21	0.69	0.09	0.68
22	0.72	0.10	0.70
23	0.74	0.10	0.72
24	0.77	0.11	0.75
25	0.79	0.11	0.77
26	0.82	0.11	0.80
27	0.84	0.11	0.82
28	0.86	0.12	0.84
29	0.89	0.12	0.87
30	0.91	0.12	0.89
31	0.93	0.13	0.92
32	0.95	0.13	0.95
33	0.97	0.14	0.97
34	1.00	0.14	1.00
35	1.02	0.14	1.03
36	1.04	0.15	1.06
37	1.06	0.15	1.10
38	1.09	0.16	1.13
39	1.11	0.17	1.18
40	1.14	0.17	1.22
41	1.17	0.18	1.27
42	1.24	0.19	1.35
43	1.31	0.20	1.44
44	1.40	0.21	1.54
45	1.50	0.23	1.65
46	1.61	0.25	1.78
47	1.74	0.27	1.93
48	1.89	0.29	2.10
49	2.07	0.32	2.30
50	2.28	0.35	2.55
51	2.55	0.39	2.85
52	2.87	0.45	3.23
53	3.29	0.51	3.71
54	3.86	0.60	4.36
55	4.64	0.73	5.27
56	5.82	0.92	6.63
57	7.79	1.23	8.90
58	11.72	1.86	13.44



Aguisín 2: Seirbhís Bharúlach a Cheannach – táblaí d'fhachtóirí laghdaithe achtúireacha

Tá dhá thábla san aguisín seo. Mar is léir ó na ceannteidil tábla:

- baineann an chéad tábla le **cealú comhaontuithe chun seirbhís a cheannach go dtí 65 bliain d'aois;**
- baineann an dara tábla le **cealú comhaontuithe chun seirbhís a cheannach go dtí 60 bliain d'aois.**

Le haghaidh sonraí faoi chásanna a dteastaíonn úsáid na dtáblaí seo uathu, féach caibidlí 14 agus 23 le do thoil.

Tábla le haghaidh cealú comhaontú le ceannach go dtí 65 bliain d'aois

Fachtóirí laghdaithe achtúireacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist nuair a chealófar comhaontú le ceannach go dtí 65 bliana d'aois		
Aois ar an mbreithlá is déanaí	Pinsean	Cnapshuim
30	22.9%	50.7%
31	23.6%	51.7%
32	24.4%	52.8%
33	25.2%	53.8%
34	26.0%	54.9%
35	26.9%	55.9%
36	27.8%	57.0%
37	28.7%	58.2%
38	29.7%	59.3%
39	30.8%	60.5%
40	31.8%	61.7%
41	33.0%	62.9%
42	34.2%	64.1%
43	35.5%	65.4%
44	36.8%	66.7%
45	38.2%	68.0%
46	39.7%	69.3%
47	41.3%	70.6%
48	43.0%	72.0%
49	44.8%	73.4%
50	46.7%	74.8%
51	48.7%	76.3%
52	50.8%	77.8%
53	53.1%	79.3%
54	55.6%	80.8%
55	58.2%	82.4%
56	61.1%	84.0%
57	64.1%	85.6%
58	67.4%	87.3%



59	71.0%	89.0%
60	74.8%	90.7%
61	79.0%	92.5%
62	83.6%	94.3%
63	88.5%	96.1%
64	94.0%	98.0%
65	100.0%	100.0%

Tábla le haghaidh cealú comhaontaithe le ceannach go dtí 60 bliain d'aois

Fachtóirí laghdaithe achtúireacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist nuair a chealófar comhaontú le ceannach go dtí 60 bliana d'aois		
Aois ar an mbreithlá is déanaí	Pinsean	Cnapshuim
30	30.6%	55.7%
31	31.6%	56.8%
32	32.6%	57.9%
33	33.6%	59.0%
34	34.7%	60.2%
35	35.9%	61.4%
36	37.1%	62.6%
37	38.4%	63.8%
38	39.7%	65.1%
39	41.1%	66.4%
40	42.5%	67.7%
41	44.1%	69.0%
42	45.7%	70.4%
43	47.4%	71.8%
44	49.2%	73.2%
45	51.1%	74.6%
46	53.1%	76.1%
47	55.2%	77.6%
48	57.4%	79.1%
49	59.8%	80.7%
50	62.4%	82.2%
51	65.1%	83.9%
52	67.9%	85.5%
53	71.0%	87.2%
54	74.3%	88.9%
55	77.8%	90.7%
56	81.6%	92.4%
57	85.7%	94.3%
58	90.1%	96.1%
59	94.8%	98.0%
60	100.0%	100.0%



Aguisín 3: Luathscor Neodrach ó thaobh Costais de: fachtóirí laghdaithe achtúireacha

(a) Aois chaomhnaithe 60:

Daoine a bhfuil aois chaomhnaithe 60 bliain d'aois acu		
Aois ar an mbreithlá is déanaí	Pinsean	Cnapshuim
50	62.4%	82.2%
51	65.1%	83.9%
52	67.9%	85.5%
53	71.0%	87.2%
54	74.3%	88.9%
55	77.8%	90.7%
56	81.6%	92.4%
57	85.7%	94.3%
58	90.1%	96.1%
59	94.8%	98.0%

(b) Aois chaomhnaithe 65:

Daoine a bhfuil aois chaomhnaithe 65 bliana d'aois acu		
Aois ar an mbreithlá is déanaí	Pinsean	Cnapshuim
55	58.2%	82.4%
56	61.1%	84.0%
57	64.1%	85.6%
58	67.4%	87.3%
59	71.0%	89.0%
60	74.8%	90.7%
61	79.0%	92.5%
62	83.6%	94.3%
63	88.5%	96.1%
64	94.0%	98.0%